An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

# Tuarascáil Bhliantúil 2015

## Clár

1. Réamhrá, Comhthéacs agus Forléargas
2. Caiteachas Poiblí a Bhainistiú ar Bhealach Níos Fearr
3. Infheistíocht Chaipitiúil agus Sócmhainní Stáit
4. Gníomhachtú Saothair
5. Comhar Idirnáisiúnta
6. Caidreamh Tionscail Cobhsaí agus Pá agus Pinsin Inbhuanaithe Seirbhíse Poiblí
7. Athchóiriú a Threorú: An Státseirbhís
8. Athchóiriú a Threorú: An tSeirbhís Phoiblí ina hIomláine
9. Athchóiriú a Threorú: Na Torthaí Is Fearr a Fháil ó ICT
10. Athchóiriú a Threorú: Luach ar Airgead a Fháil sa réimse Earraí agus Seirbhísí
11. Athchóiriú a Threorú: Seirbhísí Comhroinnte
12. Ag Tacú leis an bhFoireann lena gcumasú a Misean a Bhaint Amach

## 1. Réamhrá, Comhthéacs agus Forléargas

Ba bhliain rathúil tháirgiúil í an bhliain 2015 maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach, is é sin, caiteachas poiblí na hÉireann a chur ar bhonn níos inbhuanaithe agus tacú le soláthar agus feabhsú seirbhísí poiblí. Chuidigh ár gcuid iarrachtaí i ndáil le hathchóiriú linn luach níos fearr ar airgead a fháil ó chaiteachas poiblí, seirbhísí do shaoránaigh a fheabhsú agus, i gcoitinne, méadú a dhéanamh ar mhuinín an phobail inár struchtúir Rialtais.

Tá baint amach agus bainistiú creata inbhuanaithe caiteachais ina ghné lárnach de mhisean na Roinne agus is buntaca é i ndáil le clár oibre athchóirithe na seirbhíse poiblí. Cinntíonn sé go gcuirtear maoiniúchán ar fáil chun seirbhísí poiblí éifeachtacha éifeachtúla a sholáthar i gcomhréir le tosaíochtaí an Rialtais agus ar mhodh a oireann do riachtanais an chreata fhoriomláin fhioscaigh.

Sa bhliain 2015, d'oibrigh an Roinn go dlúth le Ranna eile chun a chinntiú go ndéanfaí dul chun cinn maidir leis na cuspóirí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2015-2017. Is féidir príomhghnóthachain na Roinne a aicmiú mar a leanas:

- Próiseas na meastachán a bhainistiú, rud as ar lean comhaontú Rialtais maidir le caiteachas iomlán sa bhliain 2016 ar caiteachas inbhuanaithe é agus é i gcomhréir le tosaíochtaí an Rialtais.
- Caiteachas Vótáilte a bhainistiú de réir uasteorainneacha ceadaithe.

Éacht shuntasach ab ea caibidliú rathúil Chomhaontú Bhóthar Lansdúin le formhór mór na seirbhíseach poiblí. Mar thoradh air sin bhí roinnt arduithe measartha pá ann do sheirbhísigh phoiblí ach sin de réir creat comhaontaithe lena gcaomhnaítear na gnóthachain táirgiúlachta a baineadh amach thar thréimhse na héigeandála agus lena n-urramaítear na riachtanais maidir le cúrsaí airgeadais phoiblí a choimeád ar bhonn inbhuanaithe.

### Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí

Dhírigh an Oifig Athchóirithe agus Soláthair (RDO) sa Roinn ar bhealaí chun costais a chomhdhlúthú agus a laghdú, chun deireadh a chur le dúbailt agus chun rialuithe ar chaiteachas a fheabhsú. Sa Phlean Athchóirithe reatha (2014-2016), leagtar amach an dara céim den athchóiriú agus cuimsíonn sé aidhm uaillmhianach maidir le torthaí níos fearr do na geallsealbhóirí go léir, cibé acu saoránaigh, gnóthaí nó seirbhísigh phoiblí iad féin. Mar chuid den Phlean, leantar de dhíriú ar na haidhmeanna cúplacha, is é sin le rá, seirbhísí poiblí a fheabhsú agus éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach i ndáil leis an tslí ina soláthraítear seirbhísí.

Lean an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) de ról ceannais a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm an Chláir um Athchóiriú Soláthair (PRP) agus, mar thoradh air sin, méadaíodh na leibhéil comhair agus comhsheasmhachta i ndáil le cúrsaí soláthair sa tseirbhís phoiblí agus baineadh sábháil measta €165 mhilliún amach sa réimse soláthair.

I bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, a seoladh ar an 30 Deireadh Fómhair 2014, bhí 25 ghníomh phraiticiúla ann chun Státseirbhís de chineál níos aontaithe, níos gairmiúla, níos freagrúla, níos oscailte agus níos cuntasaí a chruthú. Rinneadh dul chun cinn mór i rith na bliana 2015 agus cuireadh tús le 23 cinn de na gníomhartha laistigh den chéad 200 lá de ré an phlean.

### An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Lean an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte d'aistriú rathúil na gcliant-ranna agus na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí chuig an dá lárionad seirbhísí comhroinnte Státseirbhíse: *PeoplePoint* agus an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le tionscadal

na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais atá dírithe ar chóras aonair bainistíochta airgeadais a fháil do níos mó ná 45 chomhlacht seirbhíse poiblí.

## 2. Caiteachas Poiblí a Bhainistiú ar Bhealach Níos Fearr

Tá baint amach agus bainistiú creata inbhuanaithe caiteachais ina ghné lárnach de mhisean na Roinne agus is buntaca é i ndáil le clár oibre athchóirithe na seirbhíse poiblí. Cinntíonn sé seo go gcuirtear maoiniúchán ar fáil chun seirbhísí poiblí eifeachtacha éifeachtúla a sholáthar i gcomhréir le tosaíochtaí an Rialtais agus ar mhodh a oireann do riachtanais an chreata fhoriomláin fhioscaigh.

Sa bhliain 2015, d'oibrigh an Roinn go dlúth le Ranna eile chun a chinntiú go ndéanfaí na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2015-2017. Is féidir príomhghnóthachain na Roinne a aicmiú mar a leanas:

- Próiseas na meastachán a bhainistiú, rud as ar lean comhaontú Rialtais maidir le caiteachas comhiomlán sa bhliain 2016, rud a chinntigh caiteachas inbhuanaithe i gcomhréir le tosaíochtaí an Rialtais.
- Caiteachas Vótáilte a bhainistiú de réir uasteorainneacha ceadaithe.

### Próiseas na Meastachán a Bhainistiú

Cuireadh deireadh rannpháirtíochta na hÉireann i Nós Imeachta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hEasnamh Iomarcach ag deireadh na bliana 2015 agus daingneofar sin níos déanaí i mbliana. Lean an Roinn den idirchaidreamh agus den teagmháil leis an *Troika* i ndáil le cúrsaí caiteachais sa bhliain 2015 agus ghlac sí páirt i gcruinnithe foirmiúla maidir le faireachán iarchláir agus rinne sí caibidlíocht faoi na ráitis agus faoi na tuarascálacha i ndáil leis an athbhreithniú deiridh chun a chinntiú go ndéanfaí tuairimí na hÉireann a chur i láthair agus go mbeadh na tuarascálacha i gcomhréir leis na pléite a bhí ann.

Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh an Roinn an Tuarascáil ar Chaiteachas 2016 inar leagadh amach na bearta mionsonraithe buiséid don bhliain 2016 agus na huasteorainneacha caiteachais tríbhliantúla Aireachta.

Sa ráithe dheireanach den bhliain 2015, d'fhoilsigh an Roinn Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe 2016 inar leagadh amach na leithroinntí mionsonraithe caiteachais don bhliain 2016. Tá faisnéis feidhmíochta ann freisin in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe 2016, is é sin, faisnéis faoi gach Vóta ina leagtar amach na príomhsheirbhísí agus na príomhghníomhaíochtaí a mhaoinítear le hacmhainní poiblí, mar aon le bearta ardleibhéil i ndáil le comhthéacs agus tionchar na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí sin.

### Caiteachas Vótáilte a Bhainistiú

Gach bliain, déanann an Dáil maoiniúchán do sheirbhísí agus do ghníomhaíochtaí an Rialtais a údarú i mbloic caiteachais ar a dtugtar Vótaí. Is ionann gach Vóta ar leith agus réimse comhtháite caiteachais Rialtais a bhfuil Roinn nó Oifig Rialtais ar leithligh freagrach ina leith. Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faireachán agus bainistíocht ar chaiteachas i ndáil le Vótaí ar leithligh agus déanann sí anailís agus bainistíocht ar chaiteachas poiblí ina iomláine.
Sa bhliain 2012:

- rinne an Roinn faireachán ar threochtaí ar fud na bliana agus thug sí comhairle maidir le treochtaí;
- scrúdaigh sí, agus mheasúnaigh sí, tograí ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit ar bhonn luach ar airgead agus tosaíochtaí ó thaobh acmhainní de agus thug sí comhairle i dtaobh ar cheart nó nár cheart na tograí a cheadú;
- bhainistigh sí an próiseas ar dá réir a bhí ceadú an rialtais á lorg i ndáil le roinnt Meastachán Forlíontach chun a chinntiú go leanfaí de sheirbhísí riachtanacha a sholáthar go háirithe sna

hearnálacha ceartais agus sláinte agus chun infheistíocht chaipitiúil bhreise a sholáthar i gcomhréir leis an staid fheabhsaithe bhuiséid; agus
- rinne sí athbhreithniú, agus thug sí comhairle, maidir le beartas agus feidhmíocht comhlachtaí poiblí.

As measc 40 Vóta san iomlán, rinneadh an caiteachas maidir le 27 Vóta díobh a bhainistiú laistigh de na leithroinntí bunaidh vótáilte don bhliain 2015 agus bhí Meastacháin Fhorlíontacha ann i ndáil leis na Vótaí eile chun soláthar éifeachtach seirbhísí poiblí a chinntiú agus rinneadh an socrú sin laistigh den staid fhioscach fheabhsaithe ag féachaint do na cuspóirí eacnamaíochta agus sóisialta a bhí ann. Lean an Roinn de bhuiséadú feidhmíocht-bhunaithe a chur san áireamh sna Meastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Imleabhar na Seirbhísí Poiblí. Mar thoradh air sin, tá na tionchair nó na torthaí a bhfuil sé mar aidhm ag an mbeartas poiblí dul i gcion orthu – mar shampla, tograí sláinte, sábháilteacht an phobail, caighdeáin litearthachta agus ardoideachais, inbhuanaitheacht fuinnimh, uilechuimsitheacht shóisialta - leagtha amach go soiléir anois taobh leis an gcaiteachas gaolmhar. Leanfaidh an Roinn de theagmháil a dhéanamh leis na príomh-ghealldhealbhóirí chun leanúint de na hiarrachtaí maidir le buiséadú feidhmíochta a úsáid mar chuid den phróiseas buiséid.

## Athchóiriú Buiséadachta

Chuir na hathruithe ar an amchlár buiséadach ar leibhéal an AE deis ar fáil chun an próiseas baile buiséadachta a oiriúnú tuilleadh d'fhonn feabhas a chur ar chur chuige bliana iomláine i ndáil leis an mBuiséad. I mí Aibreáin 2015, rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais Ráiteas Eacnamaíochta an Earraigh a fhoilsiú i gcomhpháirt lena chéile agus, sa ráiteas sin, leagadh amach na paraiméadair leathana i ndáil le fás maicreacnamaíoch agus leis an léargas fioscach agus na srianta sa mheántéarma chun plé faoi na roghanna fioscacha agus faoi na tosaíochtaí fioscacha a éascú tamall maith roimh Bhuiséad mhí Dheireadh Fómhair.

Sheol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais **Idirphlé Eacnamaíochta Náisiúnta (NED)** i mí Iúil 2015 chun malartú oscailte uilechuimsitheach tuairimí faoi thosaíochtaí eacnamaíochta agus sóisialta de chineál iomaíoch a éascú, is é sin, na tosaíochtaí a bheidh le socrú ag an Rialtas le linn Bhuiséad 2016 a thiomsú i bhfianaise na bparaiméadar maicreacnamaíochta agus fioscach, lena n-áirítear creat buiséadach an AE, de réir mar atá leagtha amach i Ráiteas Eacnamaíochta an Earraigh.

Sa bhliain 2015, leanadh den obair i ndáil leis an tionscnamh Buiséadaithe Feidhmíochta a leagan síos chun feabhas a chur ar chinnteoireacht a bhaineann le leithroinnt acmhainní. Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar an bhfaisnéis feidhmíochta atá ann in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe 2015 (REV) agus ba é a lean as sin ná athrú ar an tslí ina ndearnadh faisnéis feidhmíochta a chur i láthair i REV 2016. Tá an cur chuige nua ceaptha chun soiléireacht níos mó a chur ar fáil sa phlé faoi na meastacháin, agus béim níos mó a leagan air sin, agus chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht an Oireachtais, agus ar fhormhaoirseacht ag an Oireachtas, sa phróiseas buiséadachta.

## Cód maidir le Caiteachas Poiblí

Sa Chód maidir le Caiteachas Poiblí, leagtar amach na rialacha agus na caighdeáin a ghabhann le measúnú agus luacháil caiteachais i ngach comhlacht poiblí roimh an gcaiteachas lena mbaineann, le linn an caiteachas sin a dhéanamh agus tar éis é a dhéanamh. Sa bliain 2015, lean Láraonad Measúnaithe Caiteachais na Roinne, a cheap agus a d'fhoilsigh an Cód maidir le Caiteachas Poiblí sa bhliain 2013, dá theagmháil le Ranna eile chun feabhas a chur ar an bhfeasacht agus ar an eolas faoi na riachtanais agus faoin treoir atá ann sa Chód maidir le Caiteachas Poiblí. Chuir an tAonad 24 sheisiún oiliúna agus forbartha ar fáil i ndáil leis na riachtanais measúnaithe agus luachála atá ann sa Chód maidir le Caiteachas Poiblí, lena n-áirítear teicnící a bhaineann le anailís costais is tairbhe.

## Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas

Tá Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas (VFMPR) ina ngné thábhachtach den mheasúnú a dhéantar ar an mbeartas a bhaineann le hearnáil phoiblí na hÉireann. Tá athbhreithnithe ar Luach ar Airgead seanbhunaithe faoin am seo agus tá sé mar aidhm acu a chinntiú go mbaintear amach an tionchar is fearr is féidir as caiteachas poiblí. Le blianta beaga anuas, tá athbhreithnithe ar luach ar airgead á bhforlíonadh le measúnaithe níos spriocdhírithe ar a dtugtar Measúnachtaí Poiblí Spriocdhírithe a dhéantar laistigh d’amscála i bhfad níos giorra, de ghnáth, ná mar ab amhlaidh roimhe seo. Tá babhta nua VFMPR ar siúl maidir leis an tréimhse 2015-2017. Clúdaíonn an babhta reatha athbhreithnithe níos mó ná 40 réimse caiteachais i ngach earnáil. Déanann an Roinn formhaoirseacht ar an bpróiseas VFMPR agus tacaíonn sí le Ranna le linn dóibh athbhreithnithe a dhéanamh.

## Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES)

Is é atá in IGEES ná seirbhís ghairmiúil eacnamaíochta agus meastóireachta a bhfuil sé mar aidhm aici cumas eacnamaíochta agus meastóireachta a chur ar bun sa Státseirbhís agus ardchaighdeáin a bhunú i ndáil le hanailís eacnamaíochta agus beartais d’fhonn cabhrú le próiseas cinnteoireachta an Rialtais. Bunaíodh an tseirbhís sa bhliain 2012.

Lean ballraíocht an IGEES de bheith ag fás sa bhliain 2015 agus earcaíodh céimithe speisialaithe chun acmhainní cuí a chur ar fáil don tseirbhís nua. Tá Aonaid IGEES ann i ngach Roinn Rialtais. Tá páipéir a d’ullmhaigh baill an IGEES ar fáil ar láithreán gréasáin an IGEES ag http://igees.gov.ie/ agus déanfar clár oibre an IGEES don bhliain 2016 a fhoilsiú go gairid. Rinneadh Clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) an IGEES a chur i bhfeidhm go luath sa bhliain 2014 ar dtús agus leanadh d’fhorbairt a dhéanamh air sa bhliain 2015. Cuimsíonn clár CPD sraith sruthanna comhtháite oiliúna agus forbartha agus baintear úsáid as raon cúrsaí éagsúla teicniúla a sholáthraítear go hinmheánach (ag saineolaithe atá ann laistigh den tSeirbhís) agus cúrsaí acadúla a mhúintear sna hollscoileanna. Is iad seo a leanas sruthanna Chlár CPD: Anailís Bheartais agus Maicreacnamaíocht; Beartas/Rialachas Rialtais; Maicreacnamaíocht agus Beartas Fioscach; agus Eacraiméadracht, Anailís Sonraí agus Modhanna Cainníochtúla.

## 3. Infheistíocht Chaipitiúil agus Sócmhainní Stáit

### Caipiteal Státchiste

Rinneadh athbhreithniú iomlán ar riachtanais infheistíochta caipitiúla poiblí a chur i gcrích sa bhliain 2015 tar éis dul i gcomhairle go forleathan le Ranna, le comhlachtaí agus le raon leathan geallsealbhóirí iomchuí agus comhlachtaí ionadaitheacha. Baineadh úsáid as eolas a fuarthas ón athbhreithniú i gcomhair plean athbhreithnithe chaipitiúil a chlúdaíonn na 6 bliana sa tréimhse 2016-2021, ar plean é dar teideal "Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021" agus a foilsíodh i Meán Fómhair 2015 tar éis don Rialtas é a bhreithniú.

Sa phlean sin leagadh amach mionsonraí faoi infheistíocht Státchiste €27 billiún thar an tréimhse sé bliana. Rinneadh scála agus próifíl na comhchoda Státchiste den Phlean Caipitil a fhorbairt faoi threoir réamhaisnéisí faoi fhás eacnamaíochta meántéarma agus faoi threoir comhsheasmhachta le spriocanna fioscacha an Rialtais. Dá bharr, tiocfaidh méadú comhlán ar chaiteachas Caipitiúil Státchiste ó €3.7 bn sa bhliain 2015 go €5.4 bn sa bhliain 2021.

Rinneadh an chomhchuid Státchiste den Phlean a fhorlíonadh le hinfheistíocht ón earnáil stát-tionscanta i gcoitinne (c. €14.5bn) agus ó Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (PPP-anna) ar mhodh maoiniúchán príobháideach (c. €2.2bn). Nuair a chuirtear an méid sin san áireamh, fágann sé gurb ionann an leibhéal comhiomlán infheistíochta beartaithe a ngabhann tacaíocht stáit léi agus tuairim is 3.3%, ar an meán, den OTN thar an tréimhse iomchuí agus, mar thoradh air sin, de réir an ESRI, tá an ráta foriomlán infheistíochta sa gheilleagar i gcomhréir leis an meán fadtéarma.

### PPP-anna

I gcomhar le Ranna iomchuí eile agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA), rinne an Roinn bainistíocht ghníomhach ar Chlár PPP an Rialtais ar fud na bliana 2015 agus tugadh aghaidh ar roinnt bacainní ionchasacha ar chur i gcrích tionscadal agus réitíodh na bacainní sin. Cuireadh bailchríoch airgeadais ar dhá Thionscadal PPP sa bhliain 2015 (PPP mhótarbhealach an M11, Guaire go hInis Córthaidh, agus PPP na gCúirteanna) agus rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir leis na ceithre thionscadal Chéim 1 eile (Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25, PPP na Lárionad Sláinte, Beart 5 na Scoileanna agus PPP Ghráinseach Ghormáin/ITBÁC).

Rinneadh dul chun cinn maith freisin maidir le PPP Chéim 2 (tithíocht shóisialta) atá beartaithe chun 1,500 aonad tithíochta sóisialta a chur ar fáil agus, i dtaca leis sin de, tá láithreáin roghnaithe, comhaontaithe agus fógartha i ndáil leis an gcéad bheart 500 teach i roinnt limistéar údaráis áitiúil i réigiún Bhaile Átha Cliath/an Oirthir, agus rinneadh dul chun cinn freisin i ndáil leis na socruithe rialtais don tionscadal agus i ndáil scóip an chonartha PPP a leagan amach.

Rinneadh Creat nua Beartais Infheistíochta do PPP-anna a fhorbairt sa bhliain 2015 freisin i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Chaipitiúil agus de réir mar a bhí comhaontaithe ag an Rialtas. Tá an creat nua sin ceaptha lena chinntiú gur féidir leanúint de PPP-anna a úsáid mar rogha fála seirbhísí agus earraí don Rialtas, ach iad á n-úsáid ar mhodh atá inbhuanaithe san fhadtéarma agus ar mhodh a oireann do staid na gcúrsaí airgeadais phoiblí. Faoin gcreat, táthar chun na costais a bhaineann le PPP-anna agus atá le híoc as an Státchiste (go háirithe muirir aonadacha íocaíochta ach, ina theannta sin, lena n-áirítear costais dhíreacha státchiste roimh ré) le teorannú do mhéid nach mó ná 10% den leithroinnt comhiomlán Státchiste ar fad atá ar fáil aon bhliain áirithe.

De bhreis air sin, aontaíodh Céim nua 3 de PPP-anna ar fiú €5500m í, agus í i gcomhréir leis an gcreat nua agus a fógraíodh sa Phlean Caipitiúil agus, mar thoradh air sin, tionscnófar PPP-anna nua chun tionscadail breise a chur i gcrích i réimsí an Ardoideachais, an Cheartais agus na Sláinte.

## Maoiniúchán lasmuigh den Chlár Comhardaithe

D'oibrigh an Roinn in éineacht le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile chun scrúdú a dhéanamh i dtaobh fhéidearthachtaí choincheap beartaithe mhúnla an chomhbhailitheora airgeadais a mhéid a bhaineann le cuid de na fáltais ó dhíol *Bord Gáis Energy* a úsáid chun tithíocht shóisialta bhreise a chur ar fáil ar bhonn lasmuigh den chlár comhardaithe agus chun scrúdú a dhéanamh ar spéis an mhargaidh sa choincheap sin. Tar éis comhairle a ghlacadh go forleathan le raon leathan soláthróirí agus airgeadaithe ionchasacha tithíochta sóisialta, suíodh nach léir go gcuireann coincheap bunaidh an chomhbhailitheora airgeadais réiteach inoibrithe ar fáil atá i gcomhréir leis an gcuspóir i ndáil le cóireáil lasmuigh den chlár comhardaithe a áirithiú ach, ina ionad sin, thángthas ar chomhaontú maidir le togra malartach chun scéim chíosa inacmhainne lasmuigh den chlár comhardaithe a fhorbairt ar bhonn píolótach.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Roinn leis an Roinn Airgeadais agus le Ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí eile chun scrúdú a dhéanamh ar roghanna eile i ndáil le maoiniúchán malartach do thionscadail bhonneagair, lena n-áirítear, go háirithe, úsáid a bhaint as an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (EFSI) – cuid de Phlean Juncker.

## Díol Aer Lingus

Ghlac an Roinn páirt in obair an Ghrúpa Stiúrtha Idir-roinne a bhunaigh an Rialtas chun comhairle a thabhairt i ndáil le thairiscint IAG i leith Aer Lingus agus, ina dhiaidh sin, chun socrú inghlactha a chaibidil le IAG maidir le díol na scaire a bhí fágtha ag an Rialtas sa chuideachta – agus cuireadh an díol sin i gcrích go rathúil sa bhliain 2015.

Cruthaíodh Ciste Comhcheangailteachta nua leis na fáltais ó dhíol scairshealbhaíocht an Rialtais in Aer Lingus chun úsáid a bhaint as na fáltais ón díol sin chun tacú le tionscadail fhiúntacha tráchtála trína gcuirtear feabhas ar chomhcheangailteacht na hÉireann – is é sin, comhcheangailteacht laistigh d'Éirinn nó ar bhonn idirnáisiúnta. Chun críocha an chiste, is é atá sa sainmhíniú ar cheangailteacht, agus is é atá san áireamh ann, mar shampla, ná ceangailteacht fuinnimh agus teileachumarsáide/leathanbhanda, chomh maith le tionscadail de chineálacha níos traidisiúnta a bhaineann leis an réimse iompair. Rinneadh an Ciste a struchtúrú mar fhophunann nua de chuid Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF) agus tá sé á bhainistiú ag an ISIF.

## Cuntasaíocht Rialtais

Tá an tAonad Cuntasaíochta Rialtais freagrach i ndáil le forbairt an bheartais, agus comhairle a thabhairt faoin mbeartas, maidir le bainistíocht airgeadais, bainistíocht rioscaí agus iniúchadh inmheánach i gcás Ranna agus Oifigí an Rialtais lárnaigh. Sa bhliain 2015, d'ullmhaigh an tAonad Cuntasaíochta Rialtais treoir agus beartas i roinnt réimsí tábhachtacha, go háirithe, sna réimsí seo a leanas:

- Lámhleabhar Treorach maidir le hUllmhú Chuntais Leithreasa 2014;
- Rinneadh DRÉACHT-Chód Cleachtais uasdátaithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a scaipeadh, mar ábhar comhairliúcháin, ar Ranna agus ar chomhlachtaí Stáit atá faoi chúram na Ranna sin;
- Ciorclán 7/2015 an DPER i ndáil le hUllmhú agus Tíolacadh Tráthúil Cuntas Comhlachtaí agus Cistí arna n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus i ndáil le Tuarascálacha Speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais;
- Ciorclán 19/2015 an DPER; Riachtanais maidir le Cuntais Leithreasa 2015 chun cabhrú le Ranna agus Oifigí le linn a gCuntais Leithreasa bhliantúla a ullmhú;
- Ciorclán 21/2015 an DPER i ndáil le hathruithe ar theidil na ráiteas airgeadais faoi FRS 102 do Chomhlachtaí Stáit arna n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;

- Eagraíodh comhdháil a raibh freastal maith uirthi agus dar teideal 'Is maith an rud an Rialachas do Ghnóthaí' a eagrú do Chinn an Fhóraim Iniúchta Inmheánaigh (HIAF) agus do dhaoine foirne a oibríonn in aonaid iniúchta inmheánaigh i Ranna agus in Oifigí Rialtais agus seoladh an chomhdháil sin in Farmleigh i mí Dheireadh Fómhair 2015.
- Cuireadh bailchríoch ar an Treoir maidir le Bainistíocht Rioscaí do Ranna agus d'Oifigí Rialtais agus foilsíodh an treoir sin go luath sa bhliain 2016;
- Tugadh cuidiú i ndáil le 'Treoirlínte maidir le hAistriú Feidhmeanna & Lámhleabhar faoi Dhea-Chleachtais' a ullmhaíodh mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse. Soláthraíonn an lámhleabhar sin cur chuige caighdeánaithe maidir le bainistíocht a dhéanamh ar atheagrú éifeachtúil struchtúr nó feidhmeanna Roinne.

Agus lean an tAonad Cuntasaíochta Rialtais dá ról comhordúcháin i leith an Choiste um Chuntais Phoiblí, dá ról comhairleach i leith Rannóga Vóta, Ranna agus Oifigí, agus i9 leith an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus soláthraíodh tacaíocht leanúnach agus rúnaíocht do Líonra na nOifigeach Airgeadais agus do Chinn an Fhóraim Iniúchta Inmheánaigh.

I rith na bliana, thug an tAonad Cuntasaíochta Rialtais cead do Chinn Chomhairimh i ndáil le hoscailt Cuntas Bainc Poiblí roimh an reifreann faoi Chomhionannas Pósta i mBealtaine 2015 agus do Ranna agus d'Oifigí Rialtais. D'eisigh an tAonad roinnt barántas i rith na bliana 2015 i ndáil le ceapadh Ard-Rúnaithe mar Oifigigh Chuntasaíochta do Vótaí a gcuid Ranna.

## Dul Chun Cinn maidir le Tarmligean Ceada i leith Líon Foirne

Le héifeacht ón mbliain 2015, tráth a bhfuil geilleagar méadaitheach ann, mar aon le brú níos mó ar an líon foirne sa tseirbhís phoiblí, cinneadh deireadh a chur leis an Moratóir ar earcaíocht Seirbhíse Poiblí agus beartas a thabhairt isteach ar dá réir a dhéanfaí cead i leith bhainistiú an líon foirne a tharmligean chuig Ranna Rialtais. Tríd an mbeartas sin, tugtar solúbthacht áitiúil do Ranna chun earcaíocht agus ardú céime a dhéanamh i ngráid suas go Príomhoifigeach, agus an grád sin san áireamh, ach sin faoi réir fanacht laistigh de uasteorainneacha pá, faoi réir tuairisciú míosúil agus ráithiúil a dhéanamh faoi chúrsaí pá agus faoin líon foirne, agus faoi réir cloí le riachtanais maidir le pleanáil i leith an fhórsa saothair. Amhail deireadh mhí na Nollag 2015, bhí cead tarmligthe chuig gach Roinn Rialtais seachas an HSE agus líon beag gníomhaireachtaí san Earnáil Sláinte, chuig na Gardaí, chuig na Príosúin agus chuig Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas in Earnáil an Cheartais, agus chuig an earnáil tríú leibhéal san Earnáil Oideachais. Rinneadh athbhreithniú ar oibriú an tarmligin i ndáil le cead don líon foirne sa bhliain 2015 a chur i gcrích le déanaí agus, mar thoradh air sin, fuarthas amach go ndearnadh an beartas a oibriú go héifeachtach, tríd is tríd, i gcás na réimsí sin ina bhfuarthas cead tarmligthe.

# 4. Gníomhachtú Saothair

## Gníomhachtú, Oideachas agus Oiliúint

Ar fud na bliana 2015, lean an Roinn de ghníomhú de réir thosaíochtaí an Rialtais i leith dífhostaíocht fhadtéarma agus rinneadh amhlaidh tríd an straitéis athnuaite dar teideal *Conairí chun na hOibre* agus an sainordú sin á úsáid chun a chinntiú go leantar de thús áite a thabhairt dóibh sin is faide gan obair.

D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun a chinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite ann idir seirbhísí *JobPath* agus *Intreo* ionas gur féidir le hoibrithe cúraim bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar othair ar mhodh comhordaithe.  Le déanaí, chuir an Roinn bailchríoch ar shraith fhorleathan sonraí *Intreo* trína soláthraítear méadrachtaí mionsonraithe ar leibhéal oifigí ar leithligh *Intreo*.

Cuireadh scéim *JobPath* i bhfeidhm i mí Iúil 2015 agus, ó shin i leith, tá an Roinn tar éis bualadh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí go tráthrialta chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht. Chun a chinntiú go mbeadh scéimeanna gníomhachtúcháin dírithe ar dhaoine atá dífhostaithe ar feadh i bhfad éifeachtúil agus éifeachtach agus go seachnófaí saincheisteanna marbhualaigh, is gá measúnú leanúnach a dhéanamh ar scéimeanna den sórt sin ar bhonn rialta. Leanann an Roinn seo de fhreastal a dhéanamh ar chruinnithe ráithiúla de Chomhairle an Mhargaidh Saothair (LMC) agus de pháirt a ghlacadh iontu.  Ceann de phríomhthascanna an LMC is ea faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéime dar teideal *Conairí chun na hOibre*.

Le blianta beaga anuas, thacaigh an Roinn le hathstruchtúrú na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna faoi choimirce na mBord Oideachais agus Oiliúna (ETB-anna) faoi threoir straitéiseach SOLAS, arb é an t-údarás breisoideachais agus oiliúna é, agus le maoiniúchán ón údarás sin. Mar chuid dá hobair i ndáil le cur chuige measúnúcháin a chur chun cinn san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna, lean an Roinn de chabhrú le SOLAS ina chuid iarrachtaí maidir le bonneagar sonraí a fhorbairt chun ionchuir, aschuir agus torthaí a thaifeadadh, rud a cheadódh athrú chuig múnla maoiniúcháin nua a bheadh bunaithe ar fheidhmíocht.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Roinn leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le SOLAS chun díriú ar dhaoine atá dífhostaithe ar feadh i bhfad a chur ar ais ag obair mar chuid de Straitéis cúig bliana SOLAS maidir le Breisoideachas agus Oiliúint. As measc an 258,642 thosaitheoir ar chúrsaí breisoideachais agus oiliúna sa bhliain 2015, bhí 67,792 dhuine díobh ina ndaoine a bhí dífhostaithe ar feadh i bhfad. Rinneadh tuairisc faoin dul chun cinn i gcomparáid leis na spriocanna a bhí leagtha síos i ndáil le rannpháirtithe a bhí dífhostaithe ar feadh i bhfad a thabhairt don Choiste Comh-Aireachta, chomh maith le faisnéis mhionsonraithe a thabhairt faoi fheidhmiú an chórais nua tarchurtha ó oifigí *Intreo* chuig na Boird Oideachais agus Oiliúna.

## 5. Comhar Idirnáisiúnta

### Clár Cistí Struchtúracha an AE 2014-2020

D'éirigh le hÉirinn luach €1.2 billiún de mhaoiniúchán Comhtháthaithe AE a fháil don tréimhse 2014-2020. Is ionann sin agus méadú 8% i dtéarmaí réadacha i gcomparáid le tréimhse chlár 2007-2013 tráth a ndearnadh laghdú 8% ar bhuiséad foriomlán an AE i ndáil le Maoiniúchán Comhtháthaithe.

Tá na tosaíochtaí maoiniúcháin do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa atá faighte ag Éirinn leagtha amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta idir Éire agus an Coimisiún Eorpach, ar comhaontú é a bhfuil freagracht fhoriomlán ar an Roinn ina leith. I measc na dtosaíochtaí sin áirítear fostaíocht agus fás a chur chun cinn, cur i gcoinne dífhostaíochta agus eisiaimh shóisialta, cur chun cinn infheistíochta i dTaighde agus Forbairt agus i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus cur chun cinn an iomaíochais san earnáil ghnó, agus cur chun cinn geilleagair atá báúil don timpeallacht agus atá éifeachtúil ó thaobh úsáid acmhainní de.

Tá €950 milliún ann le haghaidh clár a chómhaoinítear faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) a bhfuil an Roinn freagrach ina leith agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) a thagann faoi chúram na Roinne Oideachais & Scileanna agus úsáidfear an t-iarmhéid le haghaidh clár faoi Chomhar Críochach Eorpach (ETC), ar cláir iad a nglacann Éire páirt iontu, go háirithe an dá Chlár Thuaidh Theas.

Rinne an tAire Ó hÚillín agus an Coimisinéir Creţu, is é sin, an Coimisinéir um Beartas Réigiúnach, Cláir Oibriúcháin ERDF a ghlac Parlaimint na hEorpa i mí na Nollag 2014 a shíniú le linn searmanais sa Bhruiséil i mí Feabhra 2015. Sheol an Taoiseach agus an tAire Ó Húilín na cláir le linn imeachtaí réigiúnacha i mí Bhealtaine 2015.

Faoi láthair, tá an Roinn ag dul ar aghaidh ó chéim na pleanála chuig chéim an fhorfheidhmiúcháin den bhabhta reatha maoiniúcháin. I rith na bliana 2015, d'oibrigh an Roinn go dlúth leis na hÚdaráis Bhainistíochta iomchuí chun a chinntiú go ndéanfaí dul chun cinn ar fhorfheidhmiúchán, lena n-áirítear forbairt na rialacha náisiúnta maidir le cáilitheacht, forbairt treoirlínte maidir le faisnéis agus cumarsáid agus forbairt socruithe maidir le bainistíocht agus rialú airgeadais.

Bunaíodh dhá choiste náisiúnta faireacháin i rith na bliana 2015 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Chláir 2014-2020. Déanann Coiste Náisiúnta Comhordaithe na gCistí (NCCF), ina gcuimsítear na Ranna atá bainteach le forfheidhmiú na gClár, scrúdú ar shaincheisteanna faoi fhorfheidhmiúchán agus cinntíonn sé go sainaithnítear deiseanna i gcomhair sineirgíochtaí agus comhlántachta. Cuimsíonn Coiste Faireacháin na gComhaontuithe Comhpháirtíochta (PAMC) na comhlachtaí forfheidhmiúcháin, na comhlachtaí prionsabal cothrománach agus na comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann na sochaí sibhialta. Déanann sé faireachán ar fhorfheidhmiú na gcuspóirí straitéiseacha atá sainaitheanta sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus soláthraíonn sé faisnéis uasdátaithe faoi shaincheisteanna a bhaineann le forfheidhmiúchán. Tá Coiste Faireacháin ann do gach Clár Oibriúcháin ar leith agus bhí na chéad chruinnithe de na coistí sin ann sa bhliain 2015 agus is coistí iad a dhéanann athbhreithniú ar fhorfheidhmiú na gclár agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil leis na cuspóirí a bhaint amach.

### Bainistiú na gClár Roimhe Seo

Lean an Roinn d'fhormhaoirseacht a dhéanamh ar an dá Chlár réigiúnacha ERDF de chuid na hÉireann a mhéid a bhain le babhta maoiniúcháin 2007-2013; b'fhiú €750 milliún na cláir sin san iomlán, lena n-áirítear maoiniúchán €375 milliún ón ERDF. Tá tús á chur leis an gcéim dheiridh de na Cláir atá á mbainistiú ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus ag Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair.

Rinneadh dul chun cinn maidir le bailchríoch a chur ar na trí chlár de chuid na tréimhse 2000-2006 a bhí fágtha agus tá sé beartaithe iad a thabhairt chun críche sa chéad leath den bhliain 2016.

## Comhar Thuaidh Theas

D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Airgeadais & Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus le Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) chun formhaoirseacht a dhéanamh ar Chláir PEACE agus INTERREG 2007-2013. Tá leas iomlán á bhaint as an dá Chlár sin a ngabhann comhluach beagnach €590 milliún leo agus tá tionscadail a bhaineann le ag rannchuidiú le leas eacnamaíochta agus sóisialta an réigiúin agus le neartú sochaí síochánta cobhsaí. Amhail i gcás Chláir Réigiúnacha ERDF, tá béim á leagan anois ar bhailchríoch a chur ar na cláir agus ar iad a thabhairt chun críche.

Ghlac an Coimisiún Eorpach Clár INTERREG 2014-2020 i mí Feabhra 2015 agus lorgaíodh iarrataí ar mhaoiniúchán i mí Lúnasa 2015. Tá luach corradh beag le €280 milliún ag an gClár agus is é atá sna tosaíochtaí maoiniúcháin ná taighde & nuálaíocht, an comhshaoil, iompar inbhuanaithe agus iompar.

Ghlac an Coimisiún Eorpach Clár PEACE IV don tréimhse 2014-2020 i mí na Samhna 2015. Is é atá i luach iomlán Chlár PEACE ná beagnach €270 milliún agus i measc na dtosaíochtaí maoiniúcháin atá ann áirítear oideachas comhroinnte, leanaí & daoine óga, spásanna & seirbhísí comhroinnte, caidreamh dearfach a chur ar bun ag leibhéal áitiúil.

## Comhar Críochach Eorpach

Chomh maith leis na Cláir Thuaidh Theas, glacann Éire páirt i roinnt clár trasteorann agus trasnáisiúnta eile a fhaigheann maoiniúchán ón AE, go háirithe Clár na hÉireann-na Breataine Bige lena ngabhann luach iomlán beagnach €100 milliún agus ar sheol an tAire Ó Húilín agus a chontrapháirtí Breathnach, an tAire Jane Hutt, é i Márta 2015 le linn searmanais in Abertawe (Swansea).

I measc na gclár eile a nglacann Éire páirt iontu áirítear cláir Limistéar an Atlantaigh, na hEorpa Thiar Thuaidh agus Réigiún an Fhorimill Thuaidh & an Artaigh.

## Comhordú Bheartas AE agus Thuaidh Theas

Ar fud na Roinne, thacaigh an Roinn le forbairt an bheartais a bhaineann leis an AE, lena n-áirítear obair an Choiste Comh-Aireachta ar Ghnóthaí AE agus obair grúpaí idir-roinne gaolmhara.

Ina theannta sin, thacaigh an Roinn le hobair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) agus leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas a thagann faoina cúram, lena n-áirítear na cruinnithe earnála den NSMC a bhain le SEUPB agus, chomh maith leis sin, na cruinnithe iomlánacha den NSMC.

## Measúnú Feabhsaithe ar an mBeartas maidir le Cúrsaí Aeráide

Lean an Roinn de thionchar a imirt ar na Ranna ceannais iomchuí a mhéid a bhaineann le dearcadh agus measúnú Státchiste a chur san áireamh sa seasamh maidir le beartas aeráide – go háirithe i gcomhthéacs na gcaibidlíochta ar leibhéal an AE maidir le comhroinnt ualaigh idir na Ballstáit i dtaca leis na spriocanna a éiríonn as pacáiste nua aeráide agus fuinnimh don bhliain 2030. Ina theannta sin chuir an Roinn ionchur ar fáil maidir le forbairt an Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (a achtaíodh i mí na Nollag 2015) agus chuaigh sí i mbun teagmhála go gníomhach le Ranna, Gníomhaireachtaí agus fóraim éagsúla iomchuí maidir leis an gcár oibre faoi athrú aeráide chomh maith le hionchur a chur ar fáil ar ghrúpaí oibre éagsúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Ina theannta sin, chríochnaigh an tAonad Measúnaithe Caiteachais ar Athrú Aeráide athbhreithniú ar an bPunann Náisiúnta Carbóin a úsáideadh mar pháipéar ionchuir don Ghrúpa tras-Roinne ar Thaighde agus ar Mhúnlú Teicniúil i ndáil le Comhlíonadh sa Chéad Tréimhse Ghealltanais de chuid Phrótacal Kyoto.

## Deimhniú a Sholáthar don Ard-Rúnaí: Iniúchadh Inmheánach agus AE

Soláthraíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh agus AE seirbhís inmheánach iniúchta don Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais agus is é Údarás Iniúchta ainmnithe Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) é i gcás na hÉireann de réir mar a cheanglaítear le rialacháin an Aontais Eorpaigh. D'éirigh leis an Aonad measúnacht cháilíochta sheachtrach, a rinne Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha, a chur i gcrích i mí na Nollag 2015.

Chuir an tAonad Iniúchta seacht gcinn de thuarascálacha iniúchta inmheánaigh i gcrích don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith a chláir iniúchtaí don bhliain 2015. Is é a lean as na hiniúchtaí sin ná moltaí chun feabhas a chur ar ghnéithe éagsúla de phróisis na Roinne ar gnéithe an-tábhachtacha iad i dtaca le gnó na Roinne. De bhreis air sin, thug an tAonad Iniúchta tacaíocht shuntasach don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le forbairt agus formhaoirseacht ar chóras docht forleathan deimhniúcháin sna cláir chomhroinnte seirbhísí a bhí á bhforbairt, go háirithe i ndáil le seirbhísí Acmhainní Daonna (*PeoplePoint*) agus párolla. Mar chuid dá comhaontú leis an Roinn Airgeadais maidir le seirbhís iniúchta inmheánaigh, chuir an tAonad Iniúchta seacht gcinn de thuarascálacha iniúchta inmheánaigh ar fáil i leith chlár iniúchtaí na bliana 2015 agus thuairiscigh sé torthaí na n-iniúchtaí sin do Choiste Iniúchta na Roinne.

Ina cháil mar Údarás Ainmnithe na hÉireann don ERDF, chuir an tAonad Iniúchta 54 iniúchadh oibríochta agus 7 n-iniúchadh córais i gcrích i rith na bliana 2015 ar iniúchtaí iad a bhain le trí chlár oibriúcháin ERDF. Rinneadh na Tuarascálacha gaolmhara Bliantúla Rialaithe i leith gach gláir ar leith (An Deisceart & an tOirthear, an Teorainn, Lár na Tíre agus an tIarthar agus Éire/an Bhreatain Bheag) a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoin 31 Nollaig 2015. I gcás thréimhse chláir 2014-2020, chuir an tÚdarás straitéis iniúchta i gcrích do Chláir an Deiscirt & an Oirthir agus na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair, agus, ina cháil mar Chomhlacht Neamhspleách Iniúchta do Chláir ERDF, bhí sé bainteach le pleanáil agus comhordú na nósanna imeachta maidir le hainmniúcháin.

Agus rinne an Roinn dul chun cinn suntasach maidir le Tréimhse Chláir na gCistí Struchtúracha 2000-2006 a thabhairt chun críche. D'éirigh léi trí chlár oibriúcháin a bhí fágtha, is é sin le rá, clár na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair, clár an Deiscirt agus an Oirthir, agus clár na hEarnála Táirgiúla, a thabhairt chun críche go luath sa bhliain 2016 agus tarraingíodh anuas na cistí ERDF ina leith sin ina n-iomláine. Ina theannta sin, i rith na bliana 2015, thug an Roinn na trí thionscadal de chuid Chistí Comhtháthaithe 2000-2016 a bhí fágtha a thabhairt chun críche, is é sin le rá, mótarbhealach an M1/Clochrán-Halla an Leasáin, Mótarbhealach an M50 agus tionscadal Dhramhaíl Sholadach Réigiún Bhaile Átha Cliath.

## 6. Caidreamh Tionscail Cobhsaí agus Pá agus Pinsin Inbhuanaithe Seirbhíse Poiblí

Is iad seo a leanas na príomhthosaíochtaí a bhí ann sa bhliain 2015 maidir le Luach Saothair, Caidreamh Tionscail agus Pinsin:

- Leanúint de shrian a chur ar an gcostas a bhaineann le pá agus pinsin na seirbhíse poiblí. Leanúint de Chomhaontú Bhóthar Haddington a chur i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí ar fad.
- Caidreamh tionscail cobhsaí a choimeád ar bun sa tseirbhís phoiblí ar fad.
- Beartais agus tionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear forálacha Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2018 (Comhaontuithe Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdúin).
- Bainistíocht a dhéanamh ar scaoileadh céimnithe na nAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, agus bainistíocht a dhéanamh ar bhille foriomlán phá agus phinsin na Seirbhíse Poiblí agus, ag an am céanna, cobhsaíocht chaidrimh tionscail a choimeád ar bun agus tacaíocht a thabhairt i ndáil le hathchóiriú na seirbhíse poiblí.

### Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2018

Idir na blianta 2009 agus 2013, ritheadh na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) agus, mar thoradh orthu sin, laghdaíodh pá agus pinsin na seirbhíseach poiblí go léir. I gcomhthráth leis sin, cinntíodh go mbeadh mórbhearta táirgiúlachta agus athchóirithe ann trí Chomhaontuithe Pháirc an Chrócaigh agus Bhóthar Haddington, chomh maith le síocháin fhadtéarma a áirithiú sa tseirbhís phoiblí ó thaobh caidrimh tionscail de.

Bhí Comhaontú Bhóthar Haddington le bheith ar marthain go dtí an bhliain 2016. Sa bhliain 2015, chinn an Rialtas dul i mbun caibidlíochtaí faoi chur chuige i ndáil le scaoileadh na reachtaíochta maidir le Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI).Chuige sin, thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cuireadh d'eagraíochtaí ionadaitheacha na seirbhíseach poiblí chun bheith páirteach i gcaibidlíochtaí le lucht bainistíochta na seirbhíse poiblí maidir leis an tslí is fearr chun Achtanna FEMPI a scaoileadh agus, ag an am céanna, na struchtúir tháirgiúlachta, athchóirithe agus caidrimh tionscail ar foráladh dóibh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington a choimeád ar marthain. Ghlac an Roinn an fhreagracht chuici féin i ndáil leis na caibidlíochtaí sin a éascú, maidir le hidirbheartaíocht a dhéanamh leis na ceardchumainn, agus maidir leis an gcomhaontú ar thángthas air tar éis caibidlíochtaí a mhair trí seachtaine a dhréachtú.

Leis an gcomhaontú sin, ar a dtugtar Comhaontú Bhóthar Lansdúin, fadaítear téarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington agus, i gcomaoin air sin, cuirtear tús le hathbhunú phá agus phinsin na seirbhíseach poiblí. Tacaíodh leis an gComhaontú sin i mballóid a rinneadh i gCeardchumainn na Seirbhíse Poiblí i Meán Fómhair 2015 agus mairfidh sé go dtí Meán Fómhair 2018.

### An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2015

Tar éis na caibidlíochtaí a chur i gcrích, bhí gá le hAcht nua FEMPI chun éifeacht a thabhairt do na bearta seo a leanas a bhí ann i gComhaontú Bhóthar Haddington:

- Le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, méadú 2.5 faoin gcéad a dhéanamh ar bhuntuarastal bliantúil seirbhíseach poiblí a thuilleann tuarastal suas go €24,000.
- Le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, méadú 1 faoin gcéad a dhéanamh ar bhuntuarastal bliantúil seirbhíseach poiblí a thuilleann tuarastal os cionn €24,000 ach ní os cionn €31,000.
- Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017, méadú €1000 a dhéanamh ar bhuntuarastal bliantúil seirbhíseach poiblí i gcás nach bhfuil sé os cionn €65,000.

- I gcás ina bhfuil buntuarastal seirbhísigh phoibligh os cionn €65,000, ach ní os cionn €110,000, déanfar an méid ar dá réir a laghdaíodh é sa bhliain 2013 a athbhunú ina dhá leath – an chéad cheann ar an 1 Aibreán 2017 agus an dara ceann ar an 1 Eanáir 2018.
- I gcás ina bhfuil buntuarastal seirbhísigh phoibligh os cionn €110,000, déanfar an méid ar dá réir a laghdaíodh é sa bhliain 2013 a athbhunú ina thrí chuid – an chéad cheann ar an 1 Aibreán 2017, an dara ceann ar an 1 Aibreán 2018 agus an tríú ceann ar an 1 Aibreán 2019.
- Ar an 1 Eanáir 2016, rinneadh an tairseach díolúine i ndáil le híoc na hAsbhainte Pinsean-Choibhneasa (PRD) a ndlíonn gach seirbhíseach poiblí inphinsin é a íoc a mhéadú ó €17,500 sa bhliain go €26,083 sa bhliain.
- Ar an 1 Eanáir 2017, tá an tairseach díolúine i ndáil le híoc na hAsbhainte Pinsean-Choibhneasa le méadú go €28,750.
- Déantar tionchar atá ag Laghdú na bPinsean Seirbhíse Poiblí (PSPR) ar phinsin atá á n-íoc a laghdú trí mhéadú incriminteach a dhéanamh ar na tairseacha díolúine éagsúla ar an 1 Eanáir 2016, ar an 1 Eanáir 2017 agus ar an 1 Eanáir 2018. (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, cinnteofar, dá bharr sin, nach mbeidh tionchar á imirt ag PSPR a thuilleadh ach amháin i gcás na bpinsean seirbhíse poiblí is mó luach).
- Déanfar pá na mbreithiúna a choigeartú, le hOrdú ón Rialtas, ionas go bhféadfaidh breithiúna nua pá atá comhionann le breithiúna is faide seirbhís a bhaint amach ar mhodh scála pá incriminteach.

D'oibrigh an Roinn ar dhréachtú Ceannteideal Bille, ar cheadú an Aire agus an Rialtais a fháil, agus ar chomhairle a ghlacadh le hOifig an Ard-Aighne chun téacs an Bhille a chomhaontú agus ritheadh an bille i mí na Samhna 2015.

Mar aitheantas do chastacht Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2018, agus do reachtaíocht FEMPI a bhí mar bhuntaca leis, lean an Roinn de chur i bhfeidhm agus léiriú an Chomhaontaithe a bhainistiú agus a chomhordú, agus tacaíocht a thabhairt ina leith, ar mhodh comhsheasmhach sa tseirbhís phoiblí ar fad sa bhliain 2015. Ina theannta sin, rinne an Roinn an tAthbhreithniú Bliantúil ar an tsraith reachtaíocht FEMPI a leagadh faoi bhráid an Oireachtais i Meitheamh 2015.

### An Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí

Cuireadh tús leis an Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí, dár foráladh faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, ar an 1 Eanáir 2013. Tá feidhm aici le gach iontrálaí inphinsin nua sa tSeirbhís Phoiblí, chomh maith le hiarsheirbhísigh phoiblí a fhilleann ar an tseirbhís phoiblí tar éis sosa is faide ná 26 seachtaine.

Seo a leanas na príomhfhorbairtí a tharla maidir leis an Scéim Aonair sa bhliain 2015:

- Rinneadh dul chun cinn maidir le hearcú bainisteora tionscadail chun bheith i gceannas ar Staidéar Féidearthachta ar na roghanna i ndáil le feabhas a chur ar riaradh na Scéime Aonair.
- Ciorclán 09/15 – Treoir d'Fhostóirí – Coigeartú na Scéime i gcomhréir le Boilsciú
- Rinneadh dul chun cinn maidir le taighde agus dréachtú le haghaidh ciorclán faoi 'Forais Liachta le Scor' agus 'Cearta Breise Pinsin a Cheannach'.

### Taisteal agus Cothú a Nuachóiriú agus a Chaighdeánú

I mír 2.28 de Chomhaontú Bhóthar Haddington, tugann na Páirtithe gealltanas i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe taistil agus cothaithe a mbeidh feidhm acu ar fud na Seirbhíse Poiblí.

Ar dtús, ba é a bhí sa chur chuige a glacadh ná athbhreithniú a dhéanamh ar chothú sa státseirbhís faoi scéim comhréitigh agus eadrána na Comhairle Ginearálta, Tar éis an ghné sin a chríochnú bhí athbhreithniú ar mhíleáiste le déanamh. Dhéanfaí aon chomhaontú a dtiocfaí air, nó aon bhearta coibhéiseacha, a chur i bhfeidhm ansin i gcodanna eile den tSeirbhís Phoiblí.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú sa bhliain 2015 agus thángthas ar chomhaontú le Taobh na Foirne (Tuarascáil Chomhaontaithe 1531 na Comhairle Ginearálta) maidir le cothú i ndáil leis na nithe a dtugtar achoimre orthu anseo thíos:

- Méadú ar an ráta thar oíche ó €108.99 go €125 (méadú beagnach 15%) agus méadú ar an gceanglas maidir le hachar ó 48 km go 100 km le héifeacht ón 1 Iúil 2015.
- Méadú ar an ráta lae 5 huaire an chloig ó €13.71 go €14.01 (méadú 2%) agus méadú ar an gceanglas maidir le hachar ó 5 km go 8 km.
- Déanfar na rátaí a athbhreithniú i gcomhréir le hathruithe sa CPI, agus ní bheidh feidhm ag aon mhéadú/laghdú ach amháin i gcás ina dtéann athruithe sa CPI thar 5%. Tá sé beartaithe an chéad athbhreithniú a dhéanamh sa bhliain 2018.

### Scéim Pinsin Athbhreithnithe d'fhoireann na gComhlachtaí Thuaidh Theas (Athchóirithe Hutton)

Rinneadh an Scéim Pinsin Thuaidh Theas a leasú le héifeacht ón 1 Aibreán 2015 i gcomhréir leis na hathchóirithe a bhí molta ag an Tiarna Hutton i ndáil le Príomhscéim Pinsin na Státseirbhíse (Tuaisceart Éireann) arb í an scéim í a bhfuil an Scéim Pinsin Thuaidh Theas bunaithe uirthi. Comhaontaíodh go mbeadh sé de rogha ag comhaltaí an Deiscirt fanacht sa Scéim Pinsin Thuaidh Theas, ach sin faoi réir athchóirithe "Hutton", nó filleadh ar an scéim pinsin ar chomhaltaí di iad roimh bhunú na Scéime Pinsin Thuaidh Theas (stádas "Cearta Forchoimeádta"). Le Leasú Uimh. 6 athraíodh an scéim ó scéim atá bunaithe ar thuarastal deiridh go scéim scoir atá bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime agus tugadh isteach rátaí méadaithe ranníoca do Chomhaltaí iomchuí an Deiscirt. Cabhróidh na hathruithe le hinbhuanaitheacht fhadtéarma na scéime a chinntiú.

Choimeád an Roinn teagmháil ghníomhach ar bun leis na ceardchumainn agus leanann sí de bheith ag comhoibriú le Roinn Airgeadais agus Pearsanra Thuaisceart Éireann agus leis an nGrúpa Comhpháirteach Comhairliúcháin don scéim seo.

### An Scéim Pinsin Tríú Leibhéal Neamhollscoile a Chomhdhlúthú

Rinne an tAire Oideachais agus Scileanna Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna (ETBTSS) agus Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (ESSS) go foirmiúil le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an 9 Iúil 2015. Roimhe sin, bhí na scéimeanna sin á n-oibriú ar bhonn roinnt foinsí éagsúla lena n-airítear reachtaíocht thánaisteach, ciorcláin de chuid na Roinne Airgeadais/na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, athruithe sa reachtaíocht agus athruithe a d'éirigh as comhaontuithe amhail an Clár um Iomaíochas agus Obair (PCW), Comhaontú Pháirc an Chrócaigh, Comhaontú Bhóthar Haddington, etc. Athainmníodh Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí Gairmoideachais mar Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna (ETBTSS). Tugtar Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (ESSS) anois ar an scéim d'fhostaithe na nInstitiúidí Teicneolaíochta (IOT).

# 7. Athchóiriú a Threorú: An Státseirbhís

## Athnuachan na Státseirbhíse

Áiríonn Plean Athnuachana na Státseirbhíse Fís maidir le seirbhís den scoth a sholáthar don Stát agus do mhuintir na hÉireann mar aon le Plean Gníomhaíochta chun Státseirbhís atá níos aontaithe, níos gairmiúla, níos freagrúla, níos oscailte agus níos cuntasaí a chruthú. Sa bhliain 2015, leanadh de chlár uaillmhianach athchóirithe na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm.

I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuarascáil inar leagadh amach an dul chun cinn a baineadh amach sa 'chéad 200 lá". Leagadh amach an méid seo a leanas sa Tuarascáil:

- bunaíodh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse chun an cheannaireacht chomhpháirteach sa Státseirbhís a neartú;
- bunaíodh Bord Cuntasaíochta den chéad uair chun dearcadh na Státseirbhíse, dearcadh Airí agus dearcadh seachtrach maidir le feidhmíocht na Státseirbhíse a tharraingt le chéile;
- ceadaíodh próiseas athbhreithnithe feidhmíochta d'Ard-Rúnaithe agus próiseas feabhsaithe do Rúnaithe Cúnta agus tabharfar isteach iad i gcomhair na chéad bhliana feidhmíochta eile, is é sin, 2016;
- sainaithníodh roghanna i ndáil le neartú an chóid araíonachta agus forbraíodh cód athbhreithnithe;
- seoladh feachtais earcaíochta oscailte sa chuid is mó grád Státseirbhíse agus chun bearnaí speisialtóireachta a líonadh;
- forbraíodh múnla nua chun clár Athbhreithnithe Cumais Eagrúcháin a chur i bhfeidhm;
- i Meán Fómhair 2015, cuireadh tús leis an gcéad suirbhé uile-Státseirbhíse, a raibh níos mó ná 38,000 fostaí páirteach ann, chun ionchur a fháil ón bhfoireann agus d'fhonn binsemharcáil a chur ar fáil chun Ranna éagsúla a mheas agus comparáid a dhéanamh eatarthu agus foilsíodh torthaí na hoibre sin i mí Eanáir 2016; agus
- ceapadh Urlabhraí nua Státseirbhíse.

Leanadh den dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm i rith an dara tréimhse 6 mhí den bhliain agus rinneadh dul chun suntasach maidir leis na gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean a chur i gcrích. I measc na nithe tábhachtacha a baineadh amach sa réimse sin, áirítear an méid seo a leanas:

- tugadh isteach scéim nua rátála dhá phointe do PMDS na foirne don timthriall feidhmíochta 2016;
- foilsíodh Caighdeán Aonair Rialachais do gach Roinn Rialtais agus úsáidfear sin mar eolas le linn Creata Rialachais a fhorbairt do gach Roinn ar leith;
- forbraíodh láithreán gréasáin nua, whodoeswhat.gov.ie ar a bhfoilsítear creat tascanna ina dtuairiscítear 'cé a dhéanann nithe éagsúla agus cé dóibh atá siad cuntasach' sna Ranna;
- Foilsíodh Lámhleabhar *Treoirlínte & Dea-Chleachtais maidir le hAistriú Feidhmeanna* mar threoir don Státseirbhís i ndáil le cur i bhfeidhm na gcinntí a dhéanann an Rialtas maidir le hathruithe ar struchtúir agus ar fheidhmeanna Roinne;
- reáchtáladh clár leanúnach rannpháirteachais agus cumarsáide foirne lena n-áirítear 12 imeacht 'Halla Baile' ar fud na tíre; agus
- Seoladh 21 Díospóireacht Oscailte faoi Chúrsaí Beartais ar ghlac geallsealbhóirí páirt iontu agus a reáchtáladh chun tacaíocht a thabhairt maidir le cur chuige níos oscailte maidir le déanamh beartais.

## Príomh-Aonad na Straitéise Acmhainní Daonna

Sa bhliain 2015, cruthaíodh an Príomhoifigeach Acmhainní Daonna don Státseirbhís. Tá an Príomhoifigeach Acmhainní Daonna i gceannas ar fheidhm AD na Státseirbhíse agus tá an t-oifigeach sin freagrach i ndáil le forbairt an chumais straitéisigh AD ar fud na Státseirbhíse, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na ngníomhartha AD atá ann i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Príomhriachtanas de chuid an róil is ea oibriú le geallsealbhóirí ar fud na Státseirbhíse chun forbairt a dhéanamh ar straitéisí atá dírithe ar chumas daoine a úsáid go feadh an méid is féidir agus ar fheidhmíocht na foirne a uasmhéadú.

## An tSeirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS)

Is é is aidhm don tSeirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS) ná seirbhís phoiblí níos comhtháite ar na leibhéil shinsearacha a chur chun cinn agus an lucht bainistíochta sinsearach agus ceannaireacht sa tseirbhís phoiblí a neartú.  Tá Rúnaíocht SPS lonnaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
Sa bhliain 2015, lean an SPS den Straitéis Forbartha Ceannaireachta 2013-2015 a chur i bhfeidhm ar straitéis í a foilsíodh go luath sa bhliain 2013. Faoin Straitéis sin, áirítear an méid seo a leanas sna príomhthionscnaimh a forbraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm chun ceannairí sinsearacha sa Státseirbhís ar fad a neartú agus chun tacú leo:

- Cóitseáil Feidhmiúcháin;
- Soghluaisteacht Rúnaithe Cúnta (faoin bPrótacal Soghluaisteachta SPS, ní mór soghluaisteacht idir-Roinne a bhreithniú sa chéad ásc nuair atá folúntais do Rúnaithe Cúnta á líonadh);
- Imeachtaí Líonrúcháin; agus
- Foghlaim agus forbairt shaincheaptha.

Leanadh d'oibriú chlár na Cóitseála Feidhmiúcháin SPS agus, sa bhliain 2015, chríochnaigh 52 dhuine, agus Státseirbhísigh Shinsearacha agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin de chuid Gníomhaireachtaí Stáit Neamhthráchtála (NCSA-anna) ina measc, an clár a bhí tosaithe acu sa bhliain 2014. Chuaigh 30 rannpháirtí eile, ón Státseirbhís agus ó NCSA-anna, i mbun an chláir sa bhliain 2015. Tá aiseolas dearfach faighte faoin gcóitseáil agus tá pleananna ann chun an clár a leathnú sa bhliain 2016 chun cóitseáil foirne a chur san áireamh ann.

Lean Rúnaíocht SPS de bhainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas soghluaisteachta do chomhaltaí SPS.  D'athraigh seisear comhaltaí SPS a róil trí shoghluaisteacht sa bhliain 2015. Leathnaíonn soghluaisteacht tras-Roinne scileanna agus taithí ceannairí státseirbhíse agus bord bainistíochta Roinne. Spreagann sé forbairt ghairmiúil leanúnach agus soláthraíonn sé dearcadh úrnua do bhoird bhainistíochta.

Ina theannta sin, sheol an SPS cúig imeacht líonrúcháin sa bhliain 2015, lena n-áirítear Comhdháil Bhliantúil Líonra na Rúnaithe Cúnta a seoladh i mí Bhealtaine.  Spreagann imeachtaí líonrúcháin coláisteacht, comhluachanna agus comhroinnt neamhfhoirmiúil eolais agus taithí idir comhaltaí SPS. I measc na n-ábhar a pléadh le linn na n-imeachtaí áiríodh Earcaíocht Céimithe, Athnuachan na Státseirbhíse agus Cuimhneacháin na bliana 1916.

## Bainistíocht Feidhmíochta ag Leibhéil Shinsearacha

I nGníomh 12 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse tugtar gealltanas i leith próisis dhochta bainistíochta feidhmíochta a thabhairt isteach d'Ard-Rúnaithe agus do Rúnaithe Cúnta. I rith na bliana 2015, ceapadh agus forbraíodh na próisis sin lena gcur i bhfeidhm i mí Eanáir 2016. Faoin dá phróiseas, déantar cuspóirí a leagan amach i dtús na bliana agus déantar athbhreithniú i lár na bliana agus ag deireadh na bliana.  Tá 4 chatagóir cuspóirí ann: (i) Beartas, (ii) Oibriúchán, (iii)

Ceannaireacht agus (iv) Comhoibriú. Áiríonn an próiseas d'Ard-Rúnaithe ceistneoir 360º, agus bainfear úsáid as an aiseolas uaidh sin le linn cuspóirí forbartha a shocrú.

### Forbairt Céimithe

Cuireadh tús le Clár Céimithe na Státseirbhíse i mí Bhealtaine 2015. Ghlac earcaithe nua ón bpainéal ginearálaithe do chéim Oifigigh Riaracháin agus ó phainéal na dTaidhleoirí Sóisearacha páirt sa chlár a soláthraíodh i gcomhpháirtíocht le Foras Bainistíochta na hÉireann. Fuair na rannpháirtithe oiliúint ó chleachtóirí seachtracha agus ó Státseirbhísigh chleachta araon. Rinne na rannpháirtithe gach modúl a mheasúnú agus, tríd is tríd, fuarthas aiseolas dearfach.

De bhreis ar ghné na foghlama foirmiúla den chlár, bhí meantóir as a roinn féin ag na rannpháirtithe freisin. Chomh maith leis sin, fuair na rannpháirtithe na tacaíochtaí a bhí ag teastáil chun Líonra Oifigeach Riaracháin a bhunú. Tá coiste bainistíochta forbartha ag an líonra agus sheol an coiste sin a chéad imeacht sa bhliain 2015.

### Bainistíocht Bhuanna

Rinneadh dul chun cinn maidir le tabhairt isteach clár forbartha struchtúrtha do leibhéil an Ard-Rúnaí agus an Rúnaí Chúnta agus iad bunaithe ar phrionsabail na Bainistíochta Buanna. Rinneadh iniúchadh ar na deiseanna foghlama agus forbartha atá ar fáil i Ranna rialtais a chur i gcrích freisin. Chuidigh an t-iniúchadh sin le forbairt beartas maidir le Bainistíocht Bhuanna a bheadh dírithe ar ghráid suas go dtí Príomhoifigeach Cúnta agus an grád sin san áireamh.

### Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS)

Faoi chúram na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, soláthraíonn an CSEAS tacaíochtaí d'fhostóirí agus do bhainisteoirí ar fud na Státseirbhíse ar bhonn rialta. Rannchuidíonn sé le forbairt leanúnach fórsa saothair láidir agus, ar an dóigh sin, imrítear tionchar ar éifeachtacht eagrúcháin. Bhain 11% de na státseirbhísigh ar fad leas as tacaíocht 'duine le duine' i ndáil le raon dúshlán éagsúil de chineál pearsanta agus/nó oibre sa bhliain 2015. Mar chuid de straitéis chumarsáide an CSEAS sa bhliain 2015, leanadh de bheith ag iarraidh an nasc le geallsealbhóirí a neartú, go háirithe an nasc le bainisteoirí líne. Díríodh go háirithe ar sláinte agus leas ag an obair a chur chun cinn agus béim ar leith á leagan ar mheabhair-shláinte dhearfach. Foilsíodh foilseacháin maidir le cosc féinmharaithe, déileáil leis an bhfreagairt mhothúchánach ar fhéinmharú agus treoirlínte i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar strus. Eagraíodh cur i láthair agus craoltaí gréasáin i ndáil le hábhair ghaolmhara. Soláthraíonn na foilseacháin sin tacaíocht do theachtaireacht straitéis náisiúnta 2015 an Rialtais maidir le cabhrú le laghdú a dhéanamh ar mhinicíocht an fhéinmharaithe in Éirinn.

Tugadh aitheantas do luach obair an CSEAS i dtuarascáil 2015 an tSeanadóra Marie Louise O'Donnell dar teideal *Finite Lives: A study in how the State deals with issues relating to end of life (Part 1)*. Aithníodh sa tuarascáil sin go raibh daoine den tuairim gurbh é rochtain ar an tseirbhís seo an tacaíocht ba chúntaí dá raibh ann do státseirbhísigh maidir le déileáil le saincheisteanna a bhaineann le bás, bás a fháil agus méala. Is é is aidhm d'fhoilseachán 2015 an CSEAS dar teideal *"Helping the Bereaved at Work"* ná cabhrú le bainisteoirí agus le comhghleacaithe maidir le pobal tacúil a sholáthar san ionad oibre dóibh siúd a bhfuil bás agus méala ag fearadh orthu.

Tá an CSEAS tiomanta i leith cur leis na gnóthachtálacha atá bainte amach acu cheana féin agus deiseanna a lorg chun soláthar a gcuid seirbhísí a fheabhsú agus aiseolas a fháil.

### Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí

Rinneadh na chéad torthaí maidir le Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí a fhoilsiú sa bhliain 2015. Léiríonn na torthaí a d'éirigh as scrúdú ar staitisticí saoire breoiteachta don bhliain 2014 gur bhain an scéim sábháil shuntasach amach don státchiste, is é sin le rá, sábháil €51 milliún sa bhliain.

B'ionann sin agus laghdú ó 4.3% go 4.0% sa ráta ama chaillte. Mar thoradh air sin, d'oibrigh seirbhísigh phoiblí 260,000 lá breise sa bhliain 2014 i gcomparáid leis an mbliain 2013. Tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair ar Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí agus é mar aidhm aige measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na Scéime agus aghaidh a thabhairt ar aon deacrachtaí agus saincheisteanna oibriúcháin a d'fhéadfadh a bheith tar éis teacht chun cinn tar éis í a thabhairt isteach.

## Cód Nua Araíonachta

Faoi Ghníomh 11 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse freisin, déantar foráil maidir le neartú an Chóid Araíonachta chun a chumasú do bhainisteoirí bearta níos éifeachtaí agus níos cinntithí a dhéanamh de réir mar is gá chun dul i ngleic le tearcfheidhmíocht, lena n-áirítear scor. Rinneadh Cód Araíonachta nua agus Beartas nua maidir le Tearcfheidhmíocht a fhorbairt agus beidh sé soiléir, dá bharr sin, cad iad na bearta nach mór a dhéanamh le linn aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le tearcfheidhmíocht agus araíonacht. Mar bhuntaca le tabhairt isteach an Chóid agus an Bheartais nua déanfar ar an straitéis bhainistíochta agus é mar aidhm aige tacú le bainisteoirí agus leis an bhfoireann le linn an cód agus an beartas a chur i bhfeidhm sa bhliain 2016.

## Dínit ag an Obair

Rinneadh beartas nua frithbhulaíochta agus frithchiaptha dar teideal 'Dínit ag an Obair' a sheoladh i mí Feabhra 2015. Leagann an beartas seo amach na nósanna imeachta ar fúthu is féidir le duine foirne gearán a dhéanamh faoi bhulaíocht nó faoi chiapadh san ionad oibre. Leagann an beartas béim ar an tábhacht a bhaineann le modhanna neamhfhoirmiúla maidir le réiteach díospóidí san ionad oibre agus thug sé isteach ról Duine Ainmnithe a scrúdaíonn an cás sa chéad ásc. Rinneadh clár oiliúna do Dhaoine Ainmnithe a chur ar fáil tar éis an beartas seo a sheoladh. Cuireadh painéal imscrúdaitheoirí seachtracha ar fáil agus tá leas bainte le bliain anuas, agus tá leas á bhaint fós, as an bpainéal sin ag Ranna/Oifigí Státseirbhíse.

## Foinsiú Straitéiseach don Státseirbhís

### Pleanáil i ndáil leis an bhFórsa Saothair

Tá pleanáil straitéiseach an fhórsa saothair agus bainistíocht acmhainní daonna riachtanach chun a chinntiú go gcoimeádann Ranna agus Oifigí a gcumas i ndáil le soláthar seirbhísí agus i ndáil leis an úsáid is mó is féidir a bhaint as an gcumas sin. De réir mar a bhí cead tarmligthe á chur ar fáil do thuilleadh eagraíochtaí, lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt don Státseirbhís sa bhliain 2015 tríd an bpróiseas pleanála fórsa saothair agus úsáid á baint as na bearta seo a leanas:

- Tháinig an Líonra Pleanála Fórsa Saothair le chéile faoi dhó sa bhliain 2015. Bhí na cruinnithe sin tábhachtach ó thaobh faisnéis cothrom le dáta a chur ar fáil don ghrúpa agus, ag an am céanna, ó thaobh ligean do na comhaltaí aiseolas a thabhairt.
- Rinneadh tuarascáil ar Phleanáil Fórsa Saothair sa Státseirbhís a cheapadh ar bhonn na bPleananna Fórsa Saothair a thíolaic Ranna éagsúla. Sa tuarascáil, baineadh leas as cuid de na treochtaí coitianta a bhí ag teacht chun cinn ón bPlean Fórsa Saothair agus, ag an am céanna, bhí moltaí ann maidir le conas déileáil leis na treochtaí sin amach anseo. Rinneadh an tuarascáil a thíolacadh do Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse ina dhiaidh sin.
- Tugadh aiseolas do Ranna tar éis dóibh Pleananna Fórsa Saothair a thíolacadh agus rinneadh amhlaidh d'fhonn saincheisteanna a scrúdú tuilleadh agus d'fhonn dea-chleachtas a chur chun cinn nuair a bheadh leaganacha eile de na pleananna á n-ullmhú.

## Bainistíocht Feidhmíochta

Sa bhliain 2015, cinneadh formáid nua a thabhairt isteach do PMDS agus do bhainistíocht feidhmíochta. Rinneadh dul chun cinn maidir le córas nua ina n-úsáidtear córas rátála dhá phointe seachas scála 5 phointe. Déanfar feidhmíocht a mheasúnú anois i dtaobh ar fheidhmigh, nó nár

fheidhmigh, an sealbhóir poist de réir leibhéal sásúil. Tá na hathruithe sin ceaptha chun idirphlé níos mó a chruthú idir bainisteoirí agus fostaithe chun réimsí nach mór forbairt a dhéanamh ina leith a shainaithint agus chun feabhsú leanúnach a spreagadh.

Rinneadh córas nua leictreonach promhaidh ar a dtugtar *eProbation* – mar dhlúthchuid de *ePMDS* – a fhorbairt go mór. Leanadh d'aistriú Ranna agus Oifigí chuig PMDS i gcomhréir lena n-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte AD.

## Earcaíocht Oscailte a Atosú

I nGníomh 8 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse déantar socrú maidir le tús a chur hearcaíocht agus le harduithe céime athuair.

Rúnaithe Cúnta agus Ard-Rúnaithe

Ó bhí mhí Iúil 2011 ann, tá poist shinsearacha sa státseirbhís oscailte d'iarrthóirí inmheánacha agus d'iarrthóirí seachtracha araon.

Príomhoifigigh Chúnta agus Príomhoifigigh

Anuraidh (2015), tar éis breithniú a dhéanamh ar na cásanna a bhí curtha ar aghaidh ag an lucht bainistíochta agus ag na ceardchumainn, chinn Bord Eadrána na Státseirbhíse gurbh é an t-ord ba cheart a bheith ann d'arduithe céime ag leibhéal Príomhoifigigh ná 2 ardú céime oscailte agus 1 ardú céime roinne (i.e. inmheánach) gan aon chomhchuid idir-roinne a bheith i gceist. Ina theannta sin, chinn sé gurbh é an t-ord ba cheart a bheith ann d'arduithe céime ag leibhéal Príomhoifigigh Chúnta ná 1 ardú céime oscailte, 1 ardú céime idir-roinne agus 1 ardú céime roinne. B'ionann an cinneadh sin atá le hathbhreithniú tar éis 2 bhliain agus oscailt shuntasach na gcomórtas lena mbaineann áir a raibh an ghné oscailte thart ar 20%.

## Múnla Nua Comhroinnte a bhunú Maidir le Foghlaim agus Forbairt a Sholáthar

Is mian leis an Státseirbhís meon eagrúcháin a chruthú ar dá réir a bhíonn deis ag na daoine go léir den fhoireann raon scileanna agus inniúlachtaí gairmiúla a fhoghlaim agus a fhorbairt ar fud a ngairmréimeanna mar thacaíocht i ndáil leis na leibhéil is airde feidhmíochta pearsanta agus eagrúcháin a bhaint amach. Is é is aidhm do Ghníomh 9 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse ná tacú leis an bhfís sin trí múnla nua comhroinnte a bhunú chun Foghlaim & Forbairt a chur ar fáil don Státseirbhís. Mórthionscadal athrúcháin atá i gceist leis seo agus tá sé de chumas aige acmhainneacht, gairmiúlacht agus rannpháirtíocht na státseirbhíseach go léir a fheabhsú. Ní amháin go mbeidh foireann láidir ghairmiúil ann, agus scileanna comhsheasmhacha ardchaighdeáin acu, mar thoradh air sin ach ginfear éifeachtúlachtaí agus barainneachtaí scála de bharr creat fála a bhunú. Beidh tionchair níos forleithne ann maidir le ceannaireacht a fhorbairt agus maidir le tacú le bainistíocht bhuanna agus soghluaisteacht na foirne.

Sa bhliain 2015, rinneadh dul chun cinn maith i.e. d'aontaigh an CSMB an múnla, ainmníodh Bainisteoir Tionscadail, ullmhaíodh, eisíodh agus measúnaíodh RFT do chás gnó, agus rinne an CSMB measúnacht ar na torthaí. Ceapadh Comhpháirtithe Gnó Roinne agus tosaíodh an obair ar dhearadh agus ar chomhaontú an chroíchuraclaim nua. De bhreis air sin, dréachtaíodh plean forfheidhmiúcháin agus fuarthas comhaltaí na foirne tionscadail ó roinnt Ranna éagsúla Rialtais.
Is féidir an tionscadal seo a roinnt sna 4 thionscadal ar leithligh seo a leanas agus iad á gcur i bhfeidhm i gcomhthráth lena chéile

- Foireann an chroíchuraclaim
- Foireann an chláir scileanna agus dheais na dtuarascálacha
- Foireann na Tairsí/soláthar L&D agus an chórais tacaíochta (dearadh agus tástáil)
- Foireann Bainistíochta Athruithe

Tá an tionscadal le forfheidhmiú go hiomlán faoi dheireadh na bliana 2017, á ghlacadh leis go mbeidh na hacmhainní ar fad ar fáil chun a chinntiú go mbainfear amach an fhís.

# 8. Athchóiriú a Threorú: An tSeirbhís Phoiblí ina hIomláine

## Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Sa bhliain 2015, dhírigh an Oifig Athchóirithe agus Soláthair (RDO) sa Roinn ar fheidhmiú leanúnach Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-2016 a foilsíodh i mí Eanáir 2014. Sin an dara Plean Athchóirithe agus leanann sé as an dul chun cinn a rinneadh le linn an chéad Phlean Athchóirithe don tSeirbhís Phoiblí a foilsíodh i mí na Samhna 2011 a chur i bhfeidhm.

Ag féachaint don ghéarchéim fhioscach, dhírigh an chéad Phlean Athchóirithe don tSeirbhís Phoiblí ar bhealaí chun costais a chomhdhlúthú agus a laghdú, chun deireadh a chur le dúbailt agus chun rialuithe ar chaiteachas a fheabhsú. Sa dara plean, leagtar amach céim nua den athchóiriú agus cuimsíonn sé aidhm uaillmhianach maidir le torthaí níos fearr do na geallsealbhóirí go léir, cibé acu saoránaigh, gnóthaí nó seirbhísigh phoiblí iad féin. Is é is aidhm don Phlean ná seirbhísí poiblí a fheabhsú agus, ag an am céanna, rannchuidiú le héifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach i dtaca le conas a sholáthraítear seirbhísí agus tá 220 gníomh sonrach san áireamh ann. Déanann an RDO faireachán go gníomhach, ar bhonn ráithiúil, ar an 220 gníomh atá ann sa phlean agus tacaíonn siad leis an múnla rialachais is bonn le feidhmiú an Phlean.

I Márta 2015, foilsíodh an Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-2016. Sa tuarascáil sin, leagtar amach an dul chun cinn maith a rinneadh i ndáil le hathchóiriú forleathan i réimsí tosaíochta amhail múnlaí malartacha soláthair seirbhísí a úsáid, teagmháil fheabhsaithe le custaiméirí; tuilleadh digitiúcháin a dhéanamh ar sheirbhísí; agus tuilleadh oscailteachta, trédhearcachta agus cuntasachta. Chomh maith leis sin, chuimsigh sé raon leathan samplaí de thionscnaimh athchóiriúcháin in áiteanna éagsúla ar fud na Seirbhíse Poiblí. Ullmhaíodh físeán ar Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí mar chuid den chumarsáid a bhí ann maidir leis an tuarascáil ar dhul chun cinn.

Bhí mór-Chomhdháil faoi Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ann i gcomhthráth le foilsiú na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn i mí an Mhárta agus d'fhreastail os cionn 350 toscaire ar an gcomhdháil sin agus iad ann mar ionadaithe de chuid níos mó ná 80 comhlacht as na hearnálacha go léir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Bhí thart ar 26 chainteoir páirteach sa chomhdháil agus cuid acu ag feidhmiú mar chathaoirligh seisiún a bhí i gceannas ar an bplé faoi raon leathan ábhar.

Thacaigh ab RDO le forbairt 21 Phlean Comhtháite Soláthair Athchóirithe (IRDP-anna) don bhliain 2015 sna príomh-Earnálacha, sna príomh-Ranna agus na príomh-Oifigí. Sna pleananna sin, leagtar amach an tslí ina ndéanfadh Ranna agus Oifigí na hathchóirithe forleathana atá ann i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm, chomh maith le hathchóirithe a bhaineann go sonrach le heagraíocht agus le hearnáil ar leith a chur i bhfeidhm, lena n-airítear cur i bhfeidhm Chomhaontú Bhóthar Haddington agus Chomhaontú Bhóthar Lansdúin. Déantar tuairisciú ag Ranna agus ag Oifigí faoi IRDP-anna a éascú ar mhodh uirlis tuairiscithe ar líne agus déantar an tuairisciú ar bhonn ráithiúil do na ceithre phríomh-Roinn earnála agus ar bhonn sé mhíosúil i gcás Ranna agus Oifigí eile.

Rinneadh Tairseach na hOifige Athchóirithe a fhorbairt tuilleadh sa bhliain 2015. Is uirlis thábhachtach chumarsáide don RDO í an tairseach agus tá sí ceaptha chun tacú le seirbhísigh phoiblí i ngach earnáil, go háirithe iad siúd a bhfuil athruithe á gcur u bhfeidhm acu. I measc na n-ábhar atá ar fáil inti áirítear raon leathan doiciméad treorach – mar shampla, forbraíodh treoir chuimsitheach ar bhainistíocht chlár don tairseach i rith na bliana 2015. De bhreis air sin, thug an RDO cur i láthair do líon mór grúpaí seirbhíseach poiblí i rith na bliana agus eisíodh sé eagrán den nuachtlitir maidir le hathchóiriú chuig rannpháirtithe sa tairseach (a raibh níos mó ná 1,200 díobh ann ag deireadh na bliana 2015).

Sa bhliain 2015, d'eagraigh an RDO sainoiliúint faoi bhainistíocht athruithe do níos mó na 130 duine de chuid na Seirbhíse Poiblí a bhí i gceannas ar athruithe a chur i bhfeidhm. Bhí an oiliúint dírithe ar an bhfoireann i Ranna agus in Oifigí ar dtús. Níos déanaí sa bhliain 2015, leathnaíodh í chuig daoine foirne a bhí ag obair ar thionscnaimh athchóiriúcháin sa tSeirbhís Phoiblí ina hiomláine. Sa bhliain 2015, thug an RDO cabhair freisin chun tionscnamh a bhain le soláthar saincheardlanna Oiliúna ar Dhearadh Seirbhísí a chur chun cinn.

Mar chuid dá cúram i ndáil leis an tSeirbhís Ardchaighdeáin Custaiméara a chur chun cinn ar fud na Státseirbhíse, d'eagraigh an RDO trí chruinniú de Líonra na nOifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin Custaiméara sa bhliain 2015 chomh maith leis an gcomhdháil bhliantúil ar Sheirbhís Ardchaighdeáin Chustaiméara a eagrú i mí na Nollag 2015. D'eagraigh an RDO oiliúint ar Chaint Shimplí do níos mó ná seasca seirbhíseach poiblí as 20 eagraíocht.

Coimisiúnaíodh suirbhé ar shástacht Chustaiméirí Státseirbhíse mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-2016 agus Phlean Athnuachana na Státseirbhíse 2014. *Ipsos MRBI* a rinne an suirbhé thar ceann an RDO. Rinneadh obair allamuigh sa chéad ráithe den bhliain 2015 agus rinneadh os cionn 2,000 agallamh duine-le-duine ar fud na tíre agus foilsíodh na torthaí i mí Bhealtaine.

Ina theannta sin, sa bhliain 2015 d'fhorbair an RDO a ról maidir le dea-chleachtas a chomhroinnt le dlínsí eile agus le comhlachtaí idirnáisiúnta. Chuimsigh sé sin imeachtaí a eagrú le hOifig Chomh-Aireachta na Ríochta Aontaithe agus le Státseirbhís Thuaisceart Éireann, agus páirt a ghlacadh sna himeachtaí sin, chomh maith le bualadh le toscaireachtaí eile a tháinig ar cuairt agus leis an OECD.

## An tAonad um Múnlaí Malartacha Soláthair Seirbhísí

I rith na bliana 2015, chuidigh an Roinn le Státseirbhísigh agus le Seirbhísigh Phoiblí i ndáil leis an úsáid is fearr a bhaint as Múnlaí Malartacha Soláthair Seirbhíse, lena n-airítear Soláthar Seachtrach Seirbhísí (ESD). Bhí an Roinn páirteach i dtionscadail thábhachtacha seirbhíse poiblí ESD agus thug sí comhairle ina leith; ba thionscadail iad sin a cuireadh i gcrích nó a ndearnadh dul chun cinn substaintiúil maidir leo sa bhliain 2015, amhail *JobPath*, chomh maith le riaradh an Deontais Caomhnaithe Uisce sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus agallóireacht teileafóin mar chuid den Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta Teaghlach sa Phríomh-Oifig Staidrimh.

Fuair an Roinn, agus d'athbhreithnigh sí, tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Ranna agus ó Oifigí i rith na bliana 2015, is é sin, tuarascálacha a d'éirigh as a gcuid pleananna maidir le Soláthar Seachtrach Seirbhísí. Is é is cuspóir do na pleananna sin ná éifeachtúlachtaí spreagadh agus costais a laghdú trí úsáid a bhaint as conarthaí seachtracha agus, ag an am céanna, caighdeán na seirbhísí don phobal a chosaint. I gás ina raibh gá leis, thug an tAonad comhairle do chomhlachtaí earnála poiblí mar chúnamh i ndáil leis an gcur chuige fianaise-bhunaithe maidir le próisis ghnó a sheachtrú.

Leanadh de chlár foghlama agus forbartha i rith na bliana 2015 agus soláthraíodh réamhchúrsa oiliúna saincheaptha dhá lá, de bhreis ar roinnt ardmhodúil ESD, do thuairim is 100 bainisteoir earnála poiblí a bhfuil freagracht orthu i ndáil le tionscadail ESD ina gcuid eagraíochtaí. Thairis sin, chuir an tAonad lámhleabhair, acmhainní ar líne, foilseacháin agus uirlisí measúnaithe chainníochtúil agus cháilíochtúil ar fáil do sheirbhísigh phoiblí. Chuidigh na hacmhainní sin le bainisteoirí seirbhíse poiblí i ndáil le measúnú agus tomhas a dhéanamh i dtaobh an bhfuil tionscadail ionchasacha inmharthana agus oiriúnach i ndáil le soláthar seachtrach.

Rinne an Roinn dul chun cinn maidir le clár athruithe chun athrú a dhéanamh ar an modh ina bhfaigheann an Stát acmhainní le haghaidh seirbhísí daonna, sóisialta agus pobail a thugtar trí sholáthar neamhdhíreach. Tá an clár sin á chur i bhfeidhm ag an Roinn i gcomhar leis an Roinn

Sláinte, Leanaí & Gnóthaí Óige agus leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Mar chuid den tionscnamh seo chuathas i gcomhairle le líon suntasach geallsealbhóirí leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne ar fud na bliana, lena n-áirítear Díospóireacht Oscailte ar Bheartas i mí Dheireadh Fómhair agus comhairliúchán poiblí i scríbhinn a foilsíodh i mí na Nollag. Bhí an próiseas comhairliúcháin agus teagmhála bunaithe ar eolas a fuarthas ó athbhreithniú ar fhianaise neamhspleách idirnáisiúnta a choimisiúnaigh agus a d'fhoilsigh an tAonad i rith na bliana 2015.

Tá an Roinn freagrach i ndáil le Benefacts.ie a mhaoiniú agus i ndáil le comhairle a thabhairt dó. Chuir an t-eintiteas tús lena chuid oibríochtaí i rith na bliana 2015 agus bhí céim thástála an láithreáin gréasáin bainte amach faoi dheireadh na bliana. Soláthróidh an tionscadal seo córas bailithe, aicmithe, glanta agus tuairiscithe sonraí maidir le sonraí rialála a bhaineann leis an earnáil neamhbhrabúis ar fad. Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil don phobal trí ardán ar líne. I gcomhar le *Atlantic Philanthropies* agus leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn, chuir an Roinn maoiniúchán meaitseála ar fáil don tionscnamh tábhachtach sonraí seo.

### Bainistiú Fiachais

Sa bhliain 2014, d'fhoilsigh an Roinn athbhreithniú ar fheidhmíocht ó thaobh bainistiú fiachais de i gcúig earnáil: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Rialtas Áitiúil, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an tSeirbhís Chúirteanna. Bhí roinnt moltaí de chineál tras-roinne agus de chineál a bhain le ranna/hearnálacha sonracha ann san athbhreithniú agus bhí na moltaí sin le cur i bhfeidhm thar thréimhse dhá bhliain. Sa bhliain 2015, ceapadh cathaoirleach ar an mBord um Fhorfheidhmiú Tionscadal atá i gceannas ar chur i bhfeidhm na moltaí sin agus fostaíodh ceannaire tionscadail chun bheith i gceannas ar sholáthar athchóirithe i ndáil le bainistiú fiachais.

I rith na bliana 2015, tháinig an Bord um Fhorfheidhmiú Tionscadal le chéile cúig huaire. Chuaigh an Ceannaire Tionscadail i mbun roinnt tionscadal píolótach in Údaráis Áitiúla chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht sa réimse bainistithe agus bailithe fiach. Thug an Rialtas Áitiúil teimpléad tuairiscithe nua isteach i gcomhair rátaí tráchtála chun feabhas a chur ar bhailiú fiach ar fud na hearnála sin . Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Córas nua Bainistíochta maidir le Bailiú Fiach isteach chun feabhas a chur ar a bpróisis bhainistithe fiach agus méadú a dhéanamh ar an méid fiach a bhailítear. Críochnóidh an Bord um Fhorfheidhmiú Tionscadal a gcuid oibre i Meitheamh 2016 agus tabharfaidh siad tuarascáil i leith na hoibre sin.

### An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Rinneadh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Uimh. 5 de 2015) a shíniú ina dhlí i mí an Mhárta 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2015. De bhreis ar pholaiteoirí tofa agus ar chomhairleoirí speisialta, tá an dá barrleibhéal sa Státseirbhís agus sna hÚdaráis Áitiúla forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe (DPO-anna) nó mar "ábhar na brústocaireachta" – seo a leanas na poist lena mbaineann:

a. Ard-Rúnaithe agus Rúnaithe Cúnta/Stiúrthóirí sa Státseirbhís, agus
b. Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Stiúrthóirí Seirbhísí sna hÚdaráis Áitiúla.

Is féidir mionsonraí faoi DPO-anna a fháil ar láithreán gréasáin gach comhlachta phoiblí ar leith.

Is é is cuspóir don Acht seo ná clár gréasán-bhunaithe gníomhaíochtaí brústocaireachta agus trédhearcacht chuí a sholáthar i ndáil le "cé atá i dteagmháil lena chéile agus cad is ábhar don teagmháil".

Cuireadh ceangal ar bhrústocairí clárú agus tuairisceán iomlán a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoin Déardaoin, an 21 Eanáir 2016, i gcás ina raibh siad ag gabháil do

ghníomhaíochtaí brústocaireachta le linn na chéad tréimhse iomchuí, is é sin, ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2015. Ní mór trí thuairisceán san iomlán a dhéanamh in aghaidh na bliana. Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na tréimhsí iomchuí amach anseo: 1 Eanáir go 30 Aibreán, 1 Bealtaine go 31 Lúnasa agus 1 Meán Fómhair go 31 Nollaig.

Tá níos mó ná 2,700 tuairisceán curtha ar fáil don chlár brústocaireachta agus tá siad ar fáil anois lena mbreathnú ag an bpobal ag www.lobbying.ie. Ní ghearrtar aon táille ar bhreathnú an ábhair atá ann sa chlár brústocaireachta. Go dtí seo, tá líon na ndaoine agus na n-eagraíochtaí atá cláraithe ar an gclár brústocaireachta os cionn 1,100.

Tá nótaí treorach agus tacaíochtaí eile ar fáil ag www.lobbying.ie. Ina theannta sin, is féidir le heagraíochtaí teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí más mian leo freastal ar sheisiúin eolais faoin Acht.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta a d’fhorbair an Roinn agus a achtaíodh sa bhliain 2014, soláthraítear córas aonair cuimsitheach a bhfuil feidhm fhorleathan aige, ar córas é chun oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta a chosaint (seachas an cur chuige a bhí ann roimhe seo agus a raibh leaganacha éagsúla de ann de réir na hearnála a bhí i gceist).

Faoin Acht, tá oibleagáid ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun déileáil le nochtadh cosanta agus na nósanna imeachta sin a chur ar fáil dá n-oibrithe. I Meán Fómhair 2015, tar éis próiseas forleathan comhairliúcháin le comhlachtaí poiblí, d’fhoilsigh an Roinn dréacht-Treoir chuimsitheach do Chomhlachtaí Poiblí maidir le chur i bhfeidhm an Achta. Cuireadh bailchríoch ar an treoir tar éis torthaí próisis comhairliúcháin a seoladh le linn ráithe 4 den bhliain 2015 a chur san áireamh.

I gcomhairle le hionadaithe foirne agus fostóirí, d'fhorbair an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre Cód Cleachtais inar tugadh treoir agus inar leagadh amach dea-chleachtas mar chúnamh d'fhostóirí, d'oibrithe agus dá n-ionadaithe chun tuiscint a fháil ar an Acht um Nochtadh Cosanta. Chuir an tAire Stáit Gnó & Fostaíochta an treoir sin ar bhonn reachtúil i Ráithe 3 den bhliain 2015.

### Reachtaíocht maidir le Comhroinnt Sonraí agus Rialachas

Is ábhar tosaíochta sa Chlár Rialtais 2011-2016, i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-2016 agus i Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí é feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí idir ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. D’aontaigh an Rialtas Cinn Bille a ullmhú chun sainordú a dhéanamh i ndáil le tuilleadh comhroinnte sonraí agus nasctha sonraí sa tseirbhís phoiblí, chun sásra dlíthiúil a sholáthar d’fhonn comhroinnt dhleathach sonraí agus nascadh dleathach sonraí a éascú do gach comhlacht poiblí, agus chun caighdeáin a shainiú maidir le rialachas agus slándáil sonraí, ar caighdeáin iad a bhainfeadh le haon ghníomhaíochtaí comhroinnte sonraí nó nasctha sonraí.

Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí ag deireadh na bliana 2014, d’ullmhaigh an Roinn dréacht-Scéim Ghinearálta reachtaíochta sa chéad leath den bhliain 2015 agus, i mí Iúil, cheadaigh an Rialtas dréachtú an Bhille um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas ag Oifig an Ard-Aighne agus Scéim Ghinearálta an Bhille a tharchur faoi ghrinnscrúdú réamhreachtaíochta ag an gComhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú.

D’eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roinnt breithiúnas i rith na bliana 2015 agus tá impleachtaí ag na breithiúnais sin don chóras uile-Eorpach a bhfuil dlí cosanta sonraí na hÉireann bunaithe air. I rith an dara leath den bhliain 2015, d’fhéach an Roinn le comhairle a ghlacadh le roinnt gníomhaithe iomchuí chun a fháil amach cad iad na himpleachtaí, más ann, a bheidh ag dlí-

eolaíocht nua ECJ don togra reachtach maidir le Comhroinnt Sonraí agus Rialachas agus, ina theannta sin, lorgaíodh tuairimí Oifig an Ard-Aighne.

### An Clár maidir le hAthchóiriú an Dlí Reachtúil

Achtaíodh an tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2015 i mí Iúil agus rinneadh 5,782 Ionstraim thánaisteacha a rinneadh roimh an 1 Eanáir 1821, lena n-áirítear Forógraí, Treoracha agus Orduithe Rialtais, a chúlghairm leis. Leis an Acht sin freisin, rinneadh socrú maidir le neamhniú fhorálacha an Achta Ionstraimí Reachtúla 1947 lenar ceadaíodh aicmí áirithe ionstraimí reachtúla a dhíolmhú ó fhoilsiú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir leis an mBille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil a foilsíodh i mí Eanáir 2016. Nuair a achtófar é, aisghairfear 294 Acht Phoiblí Ghinearálta a d'achtaigh an tOireachtas idir na blianta 1922 agus 1950 ar achtanna iad atá spíonta nó as dáta agus déanfar laghdú suntasach ar mhéid Leabhar na Reachtanna don tréimhse sin.

### Próiseas Athbhreithnithe maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit

Sa bhliain 2014, d'aontaigh an Rialtas córas nua a thabhairt isteach i gcomhair ceapachán chuig Boird Stáit (chun cur le hathruithe a rinneadh sa bhliain 2011) agus baineann na prionsabail thábhachtacha seo a leanas leis an gcóras nua sin:

- Rochtain níos leithne a chur ar fáil ar dheiseanna ar Bhoird Stáit;
- Critéir mhionsonraithe chuimsitheacha a bhunú do na róil sin; agus
- Agus na critéir sin á gcur san áireamh, measúnú trédhearcach docht i leith iarrthóirí a thabhairt isteach.

D'eisigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Treoirlínte i mí na Samhna 2014 agus bhí an tslí ina gcuirfí an próiseas nua le haghaidh ceapachán chuig Boird Stáit i bhfeidhm leagtha amach go soiléir sna treoirlínte sin.

I rith na bliana 2015, d'fhéach an Roinn le feasacht a mhéadú maidir le cur chuige athbhreithnithe an Rialtais i ndáil le beartas agus maidir leis na Treoirlínte nua faoi Cheapacháin chuig Boird Stáit agus rinneadh sin ar mhodh óráidí agus cur i láthair a rinne Airí agus ar mhodh teagmhála le geallsealbhóirí iomchuí.

Ina theannta sin, cuireadh feabhas mór ar fheidhmiúlacht agus ar chruinneas an bhunachair sonraí faoi chomhaltas bord Stáit a choimeádann an Roinn agus atá ar fáil tríd an láithreán gréasáin StateBoards.ie.

Faoi dheireadh na bliana 2015, bhíothas tar éis 304 fholúntas ar 70 Bord Stáit a fhógairt. Tá 209 gceapachán chuig 53 bhord Stáit déanta faoi na Treoirlínte. As measc níos mó ná 3300 iarratas a fuarthas i ndáil le feachtais atá críochnaithe, tháinig 33% díobh ó mhná agus mná a ceapadh chuig 45% de na poist. Tá 4,658 nduine cláraithe ar www.stateboards.ie chun fógra a fháil faoi fholúntais a thagann chun cinn ar Bhoird Stáit.

### An Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015

D'aontaigh an Rialtas Scéim Ghinearálta de Bhille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí a fhoilsiú i Meitheamh 2015. Foilsíodh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 ar an 23 Nollaig 2015 agus críochnaíodh an Dara Céim sa Dáil ar an 20 Eanáir 2016.

Is é is aidhm don Bhille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí na feabhas suntasach a chur ar an gcreat atá ann faoi láthair chun coimhlintí leasa a shainaithint, a nochtadh agus a bhainistiú agus rioscaí

maidir le héilliú a íoslaghdú, athrú a dhéanamh chuig córas comhlíontachta níos dinimiciúla atá bunaithe ar rioscaí agus a chinntiú go bhfuil an creat institiúideach atá ann maidir le formhaoirseacht, imscrúdú agus forfheidhmiú daingean agus éifeachtach. Leis an mBille sin, comhdhlúthaítear an creat reachtaíochta atá ann faoi láthair maidir le rialú oibleagáidí eiticiúla oifigeach poiblí agus tugtar éifeacht do mholtaí na mBinsí.

### Rannpháirtíocht in Eagraíochtaí Idirnáisiúnta

Ina theannta sin, rannchuidigh an Roinn le gníomhaíochtaí na hÉireann i ndáil le measúnuithe agus tionscnaimh arna gcur chun cinn trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Éillithe, trí Ghrúpaí Oibre OECD ar Bhreabaireacht agus ar Ionracas Poiblí, agus trí Ghrúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne Éillithe (GRECO).

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Tugadh isteach an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus ghlac sé ionad Achtanna Saorála Faisnéise 1997 agus 2003. Leathnaíodh feidhm an Achta chuig thart ar 66 chomhlacht phoiblí sa bhliain 2015. De bhreis air sin, de réir mar a bheidh comhlachtaí poiblí nua á mbunú tiocfaidh siad faoi réir Saoráil Faisnéise go huathoibríoch mura rud é go ndíolmhaítear go sonrach iad le hordú ón Aire.

I mí Dheireadh Fómhair 2015, tar éis comhairliúchán poiblí, d'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Scéim Eiseamláireach Foilseachán, agus doiciméad treorach ag gabháil léi, agus bhí an scéim sin le glacadh ag gach comhlacht a thagann faoi réir Saoráil Faisnéise. Mar thoradh ar an scéim, tugann comhlachtaí a thagann faoi réir Saoráil Faisnéise gealltanas chun faisnéis fúthu agus faoina n-oibríochtaí a chur ar fáil go poiblí, de réir na scéime, mar chuid dá ngnáthghníomhaíochtaí gnó.

I mí na Nollag 2015, d'fhoilsigh an tAire Beartas agus Nós Imeachta maidir le Saoráil Faisnéise chun modh ordúil a chur ar fáil chun saincheisteanna a ardaítear trí alt 6(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise a réiteach i gcás ina n-éiríonn díospóid i dtaobh an comhlacht poiblí é, nó nach comhlacht poiblí é, eintiteas áirithe chun críocha an Achta.

Chun tacú le feidhmiú cuí na Saorála Faisnéise, soláthraíonn creat ilsoláthraí oiliúint chomhsheasmhach oiriúnach d'Oifigigh Saorála Faisnéise, do dhéantóirí cinntí agus d'athbhreithneoirí inmheánacha. Bhíothas tar éis 72 chonradh san iomlána bhronnadh faoi dheireadh na bliana 2015 agus bhí tuairim is 2,849 rannpháirtí tar éis oiliúint a fháil faoin gcreatsocrú sin.

Rinneadh ábhar an láithreáin gréasáin Saorála Faisnéise (www.foi.gov.ie) a uasdátú agus leanfar d'obair ghaolmhar eile ina leith sin sa bhliain 2016. De bhreis air sin, forbraíodh treoirlínte maidir le Saoráil Faisnéise, tháinig gach ceann ar leith de na Líonraí Saorála Faisnéise le chéile ceithre huaire sa bhliain 2015, foilsíodh dhá nuachtlitir Saorála Faisnéise agus roinnt Ceisteanna a Chuirtear go minic chun cabhrú le comhlachtaí poiblí le linn iarrataí a phróiseáil. Chuir an Láraonad Beartais Saorála Faisnéise atá ann sa Roinn tacaíocht agus comhairle ar fáil do shaoránaigh agus do chomhlachtaí a thagann faoi réir Saoráil Faisnéise trína dheasc chabhrach agus thug siad cur i láthair ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí oiliúna ar fud na bliana.

### Rialachas Corparáideach

- Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís

  Rinneadh Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís a fhorbairt agus a fhoilsiú. Rinneadh amhlaidh de bharr gealltanais i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse (2014) chun

rialachas corparáideach sa Státseirbhís a neartú i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. I mí na Samhna 2015, tar éis comhairliúchán poiblí, cheadaigh an Rialtas an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís agus tugadh ceadú i ndáil le foilsiú an chaighdeáin. Leis an gCaighdeán, ceanglaítear ar Ranna agus ar Oifigí, den chéad uair, a gcuid socruithe rialachais a thaifeadadh agus a fhoilsiú agus tá na croíghnéithe de na socruithe sin agus prionsabail an dea-rialachais leagtha amach sa Chaighdeán.

Ba é Bord Bainistíochta na Státseirbhíse a bhí i gceannas ar fhorbairt an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh agus tá freagracht ar an mBord sin i ndáil le cur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse a chur chun cinn. Bhí forbairt déanta ar chreataí rialachais ar leithligh na Ranna/nOifigí faoi dheireadh mhí an Mhárta 2016. Chun an obair sin a éascú, rinne Aonad Athchóirithe an Rialtais clár oiliúna agus tacaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

- 'Cé a dhéanann nithe éagsúla agus cé dóibh atá siad cuntasach' a fhoilsiú

Rinneadh an láithreán gréasáin dar teideal whodoeswhat.gov.ie a fhorbairt don Státseirbhís. Rinneadh amhlaidh de bhun Ghníomh 21 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse ar dá réir atá creat tascanna le foilsiú gach bliain ag Ranna, ar creat é atá ceaptha do bhainisteoirí agus ina dtugtar tuairisc faoi 'Cé a dhéanann nithe éagsúla agus cé dóibh atá siad cuntasach'. Soláthraíonn an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 creat reachtúil i gcomhair feidhmeanna sonracha de chuid an Ard-Rúnaí a shannadh d'oifigigh áirithe laistigh de Ranna. Dá réir sin, leagann whodoeswhat.gov.ie amach cairt eagrúcháin do gach Roinn/Oifig, mar aon le tuairisc ar na freagrachtaí atá sannta do gach bainisteoir sinsearach, ainm na mbainisteoirí sin, an Rannán lena mbaineann siad agus mionsonraí teagmhála maidir leo. Tá sé beartaithe go gcuirfidh sé sin feabhas ar chuntasacht phoiblí trí shoiléiriú a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar chuntasachtaí na mbainisteoirí sinsearacha. Ba é Bord Bainistíochta na Státseirbhíse a bhí i gceannas ar fhorbairt an láithreáin gréasáin sin.

- Na Treoirlínte maidir le hAistriú Feidhmeanna agus an Lámhleabhar faoi Dhea-Chleachtas a fhorbairt

Rinneadh Treoirlínte maidir le hAistriú Feidhmeanna[1] agus Lámhleabhar faoi Dhea-Chleachtas a fhorbairt mar thoradh ar ghealltanas i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Chun cabhrú le forbairt an Lámhleabhair sin, bunaíodh Grúpa Comhairleach Smaointeoireachta faoi cheannas an Uas. Tom Moran, iarArd-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhain sé leas as taithí, eolas agus tuiscint phraiticiúil oifigeach sinsearach ó réimsí éagsúla sa Státseirbhís. Leagann an Lámhleabhar amach na prionsabail ar ceart iad a bheith ann mar bhuntaca le cur i bhfeidhm aistriú feidhmeanna Roinne, ról na bpríomhghníomhaithe, an próiseas atá le bheith ann le linn na hOrduithe Aistrithe Feidhmeanna iomchuí a fhorbairt, agus le linn bailchríoch a chur orthu, chomh maith leis na socruithe airgeadais riachtanacha agus na próisis chumarsáide. Cheadaigh an Rialtas an Lámhleabhar i mí Eanáir 2016.

- An tOrdú Airgeadais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2015

Rinne an Rialtas an tOrdú Airgeadais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2015 chun roinnt feidhmeanna reachtúla a aistriú ón Aire Airgeadais chuig an Aire

[1] Tagraíonn aistriú feidhmeanna don leithroinnt feidhmeanna agus freagrachtaí idir Airí agus Ranna. Is é an Taoiseach, mar cheann an Rialtais (Airteagal 13, Bunreacht na hÉireann) atá freagrach maidir le feidhmeanna a roinnt idir Airí agus maidir le eagrú an rialtais tríd is tríd.

Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí na feidhmeanna a aistríodh de réir intinn bheartais an Achta Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011 lenar bunaíodh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann na feidhmeanna le réimsí éagsúla lena n-airítear tithíocht, séadchomharthaí náisiúnta, rialtas áitiúil agus comharbas agus baineann an chuid is mó acu le toiliú a thabhairt.

## Cúram an Ombudsman a leathnú chuig Tithe Altranais Príobháideacha

Rinneadh cúram an Ombudsman a leathnú le hOrdú ón Aire le go mbeadh tithe altranais príobháideacha a bhfaigheann cónaitheoirí iontu tacaíocht nó fóirdheontas Stáit san áireamh ann. Trí chúram an Ombudsman a leathnú, tugtar tuilleadh cuntasachta agus deimhnithe d'othair sna tithe altranais lena mbaineann agus dá dteaghlaigh. Sular cuireadh bailchríoch ar an Ordú Aireachta, agus de réir mar atá forordaithe san Acht Ombudsman (Leasú) 2012, chuaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mbun próiseas comhairliúcháin a raibh an tOmbudsman, an tOmbudsman do Leanaí agus an Comhchoiste um Shláinte agus Leanaí páirteach ann. De bhreis air sin, chuaigh an tAire i gcomhairle leis an gComhchoiste Oireachtais maidir le Formhaoirseacht Phoiblí agus Achainíocha, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus le *Nursing Homes Ireland*.

## Sonraí Oscailte

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha a bhaineann le Sonraí Oscailte beidh rialtas níos oscailte, níos trédhearcaí agus níos cuntasaí ann agus d'fhéadfadh tairbhí suntasacha a bheith ann dá bharr. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2015 maidir le Tionscnamh na Sonraí Oscailte a chur ar aghaidh. I measc na mbeart a rinneadh sa bhliain 2015, áirítear an méid seo a leanas:

- Forbairt agus feabhsú leanúnach na tairsí https://data.gov.ie.
- Obair i gcomhar le Grúpa Oibre na gComhlachtaí Poiblí (PBWG) i ndáil le saincheisteanna praiticiúla. D'fhorbair an PBWG creat teicniúil (lenar socraíodh riachtanais maidir le ceadúnais, formaidí, meiteashonraí, caighdeáin etc.) mar bhuntaca le foilsiú tacar sonraí.
- Seoladh comhairliúchán poiblí faoi Cheadúnais Sonraí Oscailte, faoin gCreat Teicniúil agus faoi Bhundoiciméad maidir le forbairt straitéise maidir le Sonraí Oscailte.
- An Creat Teicniúil maidir le Sonraí Oscailte a ghlacadh, lena n-áirítear an ceadúnas idirnáisiúnta dar teideal *Creative Commons Attribution (CC-BY) 4.0* a roghnú mar cheadúnas Sonraí Oscailte na hÉireann.
- Gníomhaíochtaí cianrochtana agus scaipthe le geallsealbhóirí – comhlachtaí poiblí, gnóthaí, an pobal taighde agus acadúil agus an tsochaí shibhialta – chun feasacht faoi thionscnamh na Sonraí Oscailte a chruthú agus a chur chun cinn agus chun tuairimí a fháil ina leith.
- Grúpa Rialachais Sonraí Oscailte a bhunú chun ceannaireacht straitéiseach a sholáthar don chéad chéim eile de Thionscnamh na Sonraí Oscailte.
- Taighde faoin dea-chleachtas idirnáisiúnta i ndáil le Sonraí Oscailte, lena n-áirítear úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí idirnáisiúnta tomhais agus bualadh le lucht riaracháin Thuaisceart Éireann chun breithniú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le comhar trasteorann agus comhroinnt taithí.

## Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid

Le Treoir 2013/37/AE maidir le Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid (PSI), agus le Treoir PSI 2003 roimhe sin arna leasú le Treoir 2013, cruthaítear creat reachtúil AE maidir le gnóthaí agus saoránaigh a bheith ag athúsáid faisnéise atá i seilbh comhlachtaí poiblí faoi tháirgí agus seirbhísí nua. Déanann na Treoracha difear don tslí inar féidir faisnéis a athúsáid tar éis é a bheith faighte go dlisteanach trí oibleagáidí a fhorchur ar an earnáil phoiblí ar oibleagáidí iad a théann chun tairbhe d'athúsáideoirí

agus é mar aidhm aige sin borradh a chur le gníomhaíocht eacnamaíochta ach ní chruthaítear aon chearta nua maidir le rochtain ar fhaisnéis.

Rinneadh Treoir 2013/37/AE a thrasuí ar mhodh Ionstraim Reachtúil 525 de 2015 agus shínigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an ionstraim sin ina dlí i mí na Samhna 2015. Rinneadh an córas PSI láithreach a leasú mar a leanas leis an Ionstraim Reachtúil sin:

- Rinneadh an prionsabal ginearálta is bonn leis an gcóras PSI a athrú chun a chinntiú go mbíonn doiciméid inrochtana in-athúsáidte chun críocha tráchtála agus neamhthráchtála;
- Tá na táillí a ghearrann comhlachtaí earnála poiblí ar athúsáid doiciméad teorannaithe don chostas imeallach, ach tá eisceachtaí tábhachtacha ann;
- I measc na modhanna sásaimh atá ar fáil d'athúsáideoir áirítear an fhéidearthacht maidir le hathbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise;
- Rinneadh scóip an chórais a leathnú chuig doiciméid a shealbhaíonn músaeim, leabharlanna agus cartlanna, ach tá difríochtaí tábhachtacha ann maidir le muirir agus ceadanna; agus
- Tá riachtanais nua ann maidir le trédhearcacht i gcásanna ina ngearrtar muirir.

Ina theannta sin, d'eisigh an Roinn Ciorclán chuig Ranna agus Oifigí Rialtais chun an córas PSI uasdátaithe agus na coinníollacha athbhreithnithe maidir le muirir a chur in iúl dóibh.

### Comhpháirtíocht Rialtais Oscailte

Tháinig Éire chun bheith ina comhalta iomlán den Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte (OGP) arb é is aidhm dó ná tacú le trédhearcacht, saoránaigh a chumhachtú, cur i gcoinne éilliú agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun an rialachas a neartú. D'eagraigh Éire Cruinniú Réigiúnach na hEorpa den OGP i mí Bhealtaine agus d'fhoilsigh sí a céad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta OGP i mí Iúil 2014. Baineann na bearta atá luaite sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta le gníomhartha praiticiúla i dtrí réimse: Sonraí Oscailte, Rannpháirtíocht ag Saoránaigh agus Neartú Rialachais agus Cuntasachta. D'eagraigh an Roinn Imeacht Comhairliúcháin Phoiblí i mí Iúil 2015 chun cabhair a thabhairt maidir le feasacht ar an OGP a mhéadú agus maidir le rannpháirtíocht ag saoránaigh agus ag an tsochaí shibhialta sa tionscnamh a leathnú. Rinne an Roinn measúnacht ar an dul chun cinn a bhí déanta maidir le cur i bhfeidhm agus d'fhoilsigh sí Tuarascáil Féinmheasúnachta Lárthéarma i Meán Fómhair 2015. Rinne Sásra Neamhspleách Tuairiscithe an OGP athbhreithniú neamhspleách freisin.

San Athbhreithniú Neamhspleách, rinneadh measúnacht dhearfach ar an Rialtas a mhéid a bhain le cur i bhfeidhm na ngealltanas uaillmhianach sa Phlean agus ar an bpróiseas comhairliúcháin a cuireadh i gcrích le linn gníomhartha ar leithligh de chuid an Phlean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Luadh go raibh 23 cinn de na 30 gníomh curtha i gcrích go hiomlán, nó go raibh dul chun cinn an-mhaith déanta maidir leo, ag an lárphointe ó thaobh cur i bhfeidhm de, agus, de réir measúnachta ar 4 cinn díobh, bhí "tionchar ionchasach athraitheach" acu – neartú eiticí i reachtaíocht faoi oifigí poiblí, an reachtaíocht maidir le rialáil na brústocaireachta, reachtaíocht maidir le cosaint Sceithirí agus reifrinn a sheoladh maidir le pósadh idir daoine den ghnéas céanna agus maidir le haois iarrthóirí i dtoghcháin uachtaráin.

# 9. Athchóiriú a Threorú: Na Torthaí Is Fearr a Fháil ó ICT

Mar chuid de na hiarrachtaí i ndáil le tairbhí ICT a uasmhéadú le linn feabhas a chur éifeachtúlacht agus éifeachtachta sa tSeirbhís Phoiblí, bunaíodh Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) sa bhliain 2013 faoin gclár oibre maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí. Tá freagracht ar Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéise ICT don Rialtas, ar straitéis é a chinnteoidh go bhfuil cur chuige comhtháite ann i leith saothrú ICT i ngach Roinn agus i ngach Comhlacht Seirbhíse Poiblí, i ndáil le soláthar seirbhísí digiteacha ar fud na hÉireann a luathú agus i ndáil le bunathrú ar an úsáid a bhaintear as acmhainní faisnéise an Rialtais.

Rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí Public Service ICT Strategy, a bhí cheadaithe ag an Rialtas, a sheoladh i mí Eanáir 2015. Is í an OGCIO an ghníomhaireacht cheannais i dtaca le cur i bhfeidhm na straitéise sin agus oibreoidh an oifig sin i gcomhar le Ranna agus gníomhaireachtaí eile ar fud na Seirbhíse Poiblí. I Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí, sainaithníodh 5 phríomhchuspóir straitéiseacha inar leagadh amach an treo amach anseo maidir le nuálaíocht agus sármhaitheas sa réimse ICT sa tSeirbhís Phoiblí: Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt, Cúrsaí Digiteacha Chun Tosaigh, Sonraí mar Chumasóir, Rialachas a Fheabhsú, agus Méadú Cumais. Ina theannta sin, tá an Straitéis ailínithe le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, go háirithe trí ghníomhartha 14, 19 agus 24 den phlean sin.

De bhreis air Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí, tá cúram leathan ag OGCIO ina n-áirítear freagracht i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- na seirbhísí uile ICT a sholáthar don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais;
- an bonneagar ICT a sholáthar don Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte agus don Oifig um Soláthar Rialtais;
- tacú le soláthar seirbhísí digiteacha agus tionscnamh nuálaíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí trí raon beartas ICT a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- formhaoirseacht ar chaiteachas Ranna agus gníomhaireachtaí ar nithe a bhaineann le ICT; agus
- feidhmiú thar ceann na hÉireann ag leibhéal an AE i ndáil le ICT seirbhíse poiblí, r-Rialtas agus grúpaí oibre agus fóraim CIO.
-

Sa bhliain 2015 dhírigh an OGCIO go príomha ar Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí a chur ar aghaidh, go háirithe an scóip a bheadh ag tionscnaimh ionchasacha a shainaithint agus tús a chur le tionscnaimh i roinnt sruthanna. I gcomhthráth leis sin, agus chun tacú le forbairt plean forfheidhmiúcháin don Straitéis, chuathas i mbun ICT a bhunlíniú i gcroí-Ranna agus i gcroí-ghníomhaireachtaí.

### Clár Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí 2015

Is é atá i Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí ná clár ilbhliantúil agus tá na céimeanna tosaigh den straitéis ar siúl fós. Ach rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2015 maidir le réimsí áirithe:

### Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt

- **Líonraí Rialtais**
  Tá nascacht láidir ardluais líonra ar fáil ag Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí anois i 70 áit, idir bhailte agus chathracha, ar fud na tíre. Rinneadh Néal-Líonra an Rialtais a leathnú chun soláthar sain-naisc iolracha líonra idir lárionaid sonraí PSB agus lárionaid phríobháideacha sonraí ar fud na tíre a chur san áireamh, agus tá nascacht ann freisin le soláthróirí poiblí néalseirbhísí. Ligeann na naisc sin do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí leas a bhaint as

néalseirbhísí poiblí agus as an ngnáthbhonneagar ICT a úsáidtear ar Néal an Rialtais. Déantar faireachán leanúnach ar mheasúnú teicneolaíochtaí nua, agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, i réimse na sonraí soghluaiste chun nascacht oibrithe soghluaiste agus oifigí beaga ar fud na tíre a chumasú.

Soláthraíonn **Líonraí Rialtais** roinnt seirbhísí don tSeirbhís Phoiblí neamhthráchtála agus tá líonra mórscála príobháideach ann mar bhuntaca leis sin. De bhreis ar an méid sin thuas, áirítear na nithe seo a leanas i measc ghníomhaíochtaí na bliana 2015:

- Cuireadh láithreáin mhóra na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i gceangal le Líonraí Rialtais, rud as ar lean sábháil shuntasach ó thaobh costais de i gcomparáid le ceangail a bhí ann roimhe sin.
- Rinneadh láithreáin mhóra Theagaisc ar fud na tíre a cheangal le Líonraí Rialtais, rud a chumasaigh leibhéil nua rochtana ar cheangail ardluais.
- Rinneadh oifigí riaracháin na mBord Oideachais agus Oiliúna a cheangal le Líonraí Rialtais agus tá leas á bhaint acu anois as feidhmchláir agus as córais de chuid Seirbhísí Comhroinnte.

- **Feidhmchláir Chomhchoiteanna**
  Tar éis **eSubmissions** a chur i bhfeidhm go rathúil sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus sa Roinn Airgeadais, rinneadh tuilleadh forbartha air agus tá sé ar fáil anois do Ranna lena chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis an gcur i bhfeidhm píolótach sa Roinn Dlí agus Cirt. Tá an próiseas a bhaineann leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Sláinte a lonnú ar an ardán comhchoiteann críochnaithe anois agus tá na feidhmchláir le cur i bhfeidhm sna Ranna sin sa bhliain 2016.

  Cuireadh tús le forbairt an fheidhmchláir **eCorrespondence** i Roinn an Taoisigh agus bhí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe páirteach san obair sin mar chomhpháirtí tógála agus tástála a thug tacaíocht i leith an tionscadail. Tá forbairt an fheidhmchláir **ePQ** ann mar chuid den chlár seo freisin agus tá na feidhmchláir seo le bheith ar fáil do Ranna lena gcur i bhfeidhm i rith an chuid deiridh den bhliain 2016.

- **Bonneagar Comhchoiteann ICT – Néal an Rialtais**
  Mar thoradh ar an obair bhunlínithe ICT a rinneadh ag tús na bliana 2015, tugadh suntas don fhéidearthacht a bhí ann i ndáil le comhdhlúthú agus réasúnú an bhonneagair theicniúil ICT d'fhonn eastát réadúil costasach a athshlánú, costais reáchtála seomraí ríomhaireachta/lárionad sonraí a laghdú agus éifeachtúlachtaí a sholáthar. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an anailís ar roghanna i leith bonneagar cost-éifeachtach comhroinnte ICT a úsáid ar fud na Seirbhíse Poiblí – Néal an Rialtais dar teideal Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt. Áiríonn sé sin réimsí amhail Tírdhreach Bonneagair, Mionsamhail Oibriúcháin Sprice, mionsamhlacha Buiséid agus aisíocaíochta, Bainistíocht Ghaolmhaireachta agus Soláthraithe, Sainiú Catalóige Seirbhísí, Treochlár Úsáide, Rialachas, Tuairisciú agus Bainistíocht Chumais, agus Cur Chuige maidir le Rannpháirtíocht.

## Cúrsaí Digiteacha Chun Tosaigh

Fuair Éire rangú maith i dtaca le **binsemharcáil rRialtais Choimisiún an AE** a foilsíodh i Meitheamh 2016. Tá Éire fós sa ghrúpa is airde rangú i gcás Lárnacht Úsáideora, tá feabhas tagtha uirthi in dhá chatagóir eile – Trédhearcacht & Soghluaisteacht Trasteorann – agus, gan aon athrú a bheith ann, tá Éire fós sa ghrúpáil is ísle rangú i gcás Príomh-Chumasóirí (eID, Single Sign On, eDocuments, eSafes agus Authentic Sources).

## Sonraí mar Chumasóir

Mar atá luaite thuas, cé go bhfuil rangú maith i gcoitinne ag Éirinn i dtaca le binsemharcáil rRialtais atá déanta le déanaí ag Coimisiún an AE, fuair sí rangú lag i réimse na "Príomh-Chumasóirí" amhail ID leictreonach. Tá **Cárta na Seirbhíse Poiblí** beartaithe mar mhodh a úsáidfidh saoránaigh chun rochtain a fháil ar Sheirbhísí Poiblí. Lean an OGCIO de ról lárnach a bheith aige maidir le tacú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus í i dteagmháil le Ranna agus gníomhaireachtaí eile de réir mar a ghlacann siad Cárta na Seirbhíse Poiblí mar mhodh fíordheimhniúcháin saoránach. Tá OGCIO ag obair i gcomhar leis an gCartlann Náisiúnta i ndáil le plean 3 bliana maidir le Bainistíocht Taifead Seirbhíse Poiblí a cheapadh chun taifid fhisiciúla agus taifid dhigiteacha araon a fheabhsú agus a chosaint i ngach réimse den Rialtas.

## Rialachas

Lean OGCIO dá chuid oibre le Comhairle CIO agus le Feidhmeannacht CIO chun an Straitéis ICT a chur ar aghaidh. Leanann OGCIO de bheith ag obair ar fhorbairt beartais chun tacú le Ranna agus gníomhaireachtaí a mhéid a bhaineann le ICT a chur i bhfeidhm. D'fhorbair OGCIO Nóta Comhairle – Néal-Seirbhísí a Bhreithniú a foilsíodh i mí na Nollag 2015.

## Cumas a Mhéadú

I gcomhar le Ceann nua Acmhainní Daonna na Státseirbhíse agus le Comhairle CIO, tá OGCIO i gceannas ar fhorbairt pleananna chun aghaidh a thabhairt ar earcú, coimeád, soghluaisteacht agus gairmiúla na foirne ICT sa Státseirbhís.

## Seirbhísí ICT do Gheallsealbhóirí Inmheánacha

De bhreis ar oibriú ar Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí, lean OGCIO d'fheabhas a chur ar na seirbhísí ICT a thairgeann sé agus é ag obair in éineacht leis na comhpháirtithe díreacha gnó sa Roinn, leis an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (lena n-áirítear *PeoplePoint* agus Lárionad na Seirbhíse Párolla Comhroinnte), leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus leis an Roinn Airgeadais. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bpríomhrudaí a baineadh amach sa bhliain 2015 i ndáil le clár oibre inmheánach OGCIO:

## Oifig CIO

Cuimsíonn Oifig CIO an fheidhm chorparáideach tacaíochta inmheánaí chomh maith le feidhmiú mar an príomhphointe teagmhála le príomh-gheallsealbhóirí OGCIO, idir inmheánach agus sheachtrach, maidir le raon ábhar.

- Bainistíodh an tionscadal a bhain le hathlonnú OGCIO.
- Ceadaíodh caiteachas €.5 billiún a bhain le caiteachas ar ICT i 90 eagraíocht.
- Bunaíodh creat chun Acmhainní Oilte ICT ad hoc a tharraingt anuas.
- Fuarthas tacaíocht tionscadail do na nithe seo a leanas:
    - Seirbhís Chomhroinnte Bainistíochta Airgeadais.
    - Tionscadail ghnó OGP.
    - Tionscadal *eCohesion*.
- Leanann OGCIO den chuntas Twitter @eGovernment Ireland @eGovernment Ireland a oibriú chun seirbhísí ar líne a chur chun cinn agus chuaigh sé i dteagmháil leis an bpobal trí shainseoladh ríomhphoist a úsáidtear chun déileáil le fiafraithe maidir le cúrsaí rRialtais agus déantar faireachán ar an seoladh ríomhphoist sin.

## Aonad ICT

Soláthraíonn OGCIO bonneagar agus seirbhísí tacaíochta ICT i ndáil le feidhmchláir bairr deisce, agus bonneagair agus i ndáil le croí-fheidhmchláir dá bhonn custaiméirí.

- Bonneagar ICT agus seirbhísí gaolmhara chun tacú le níos mó na 1,600 duine foirne i 20 láithreán ar fud na tíre, in oifigí ár gcuid Comhpháirtithe Díreacha Gnó.
- D'fhreagair Aonad na Deisce Cabhrach ICT níos mó ná 15,000 glao agus chuir siad clúdach ar fáil ar bhonn 24*7, lena n-áirítear seirbhís Ghlao-Dhualgais.
- Rinneadh ionduchtú foirne agus cóiriú agus athfheistiú foirgneamh a chur i gcrích.
- Bunaíodh bonneagar agus córais ICT don OGP agus don NSSO (PP, PSSC agus FMSS) i dtuairim is 12 shuíomh ar fud na tíre.
- Néal-Bhonneagar Inmheánach don Ardán le haghaidh Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt mar chuid den Straitéis ICT.
- Tacaíocht leanúnach don tionscadal *PeoplePoint* agus d'oibríochtaí ina leith. San obair sin áiríodh aistriú 18 Roinn/Oifig mar thacaíocht dá n-athrú rathúil chuig *PeoplePoint*.

## Líonraí Rialtais

De bhreis ar sheirbhísí a sholáthar don tseirbhís phoiblí i gcoitinne, tugann Líonraí Rialtais tacaíocht freisin i ndáil le soláthar seirbhísí inmheánacha ICT.

- Nascacht idir Lárionaid Sonraí Roinne.
- Seirbhísí nascachta do gach oifig agus tacaíocht á fáil ó Sholáthar Seirbhísí ICT.

## Córais & Sonraí

Soláthraíonn OGCIO tacaíocht agus treoir theicniúil dá úsáideoirí seirbhísí i raon réimsí lena n-airítear láithreáin gréasáin.

- Cuireadh córas Bainistíochta Taifead eDocs i bhfeidhm (85% sa Roinn Airgeadais; i 5 réimse gnó sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe).
- Athrú ó bhonneagar láithreáin ghréasáin phoiblí go néal poiblí (50%).
- Feidhmchlár ePMDS beo agus 86% de curtha i gcrích sa chéad bhliain.
- Seoladh CS HR Databank agus Córas Cothabhála agus Tuairiscithe Scálaí Pa
- Athscríobhadh agus foilsíodh Treoirlínte Roinne maidir le bainistíocht chomhad.

## Rannpháirtíocht ag Leibhéal an AE agus ag Leibhéal Idirnáisiúnta

Faightear eolas faoi fhorbairt beartais ag an leibhéal náisiúnta ó roinnt gníomhaíochtaí AE & Idirnáisiúnta. Ghníomhaigh OGCIO thar ceann na hÉireann maidir le cuid de na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Rinneadh faireachán ar fhorbairtí, agus gníomhaíodh thar ceann na hÉireann ag fóraim éagsúla idirnáisiúnta (AE, OECD) i gcás ina raibh gá leis sin.
- Leanadh de ról ceannais a ghlacadh i gCuibhreannas Náisiúnta na hÉireann i dtionscadal e-SENS an AE (Seirbhísí Leictreonacha Simplí Líonraithe na hEorpa).

## 10. Athchóiriú a Threorú: Luach ar Airgead a Fháil sa réimse Earraí agus Seirbhísí

I rith na bliana 2015, lean an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) de ról ceannais a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm an Chláir um Athchóiriú Soláthair (PRP) agus, mar thoradh air sin, méadaíodh na leibhéil comhair agus comhsheasmhachta i ndáil le cúrsaí soláthair sa tseirbhís phoiblí. Sna trí bliana céanna go dtí deireadh na bliana 2015, chumasaigh an OGP agus eagraíochtaí comhpháirteacha foinsithe dá chuid i réimsí na Sláinte, an Oideachais, an Rialtais Áitiúil agus na Cosanta sábháil mheasta €165 milliún i ndáil le fáil seirbhísí agus earraí.

Sa bhliain 2015, rinneadh athbhreithniú ar an PRP agus cuireadh athbhunlíniú i bhfeidhm. Mar thoradh ar an obair sin, sainaithníodh roinnt nithe a raibh tionchar acu ar na cuspóirí a socraíodh nuair a bunaíodh an OGP. Go háirithe, bhí an t-am a thóg sé chun acmhainní foirne na heagraíochta a tharraingt le chéile níos faide ná mar a rabhthas ag súil leis, rud a d'fhág go raibh srian ar chúrsaí cumais sna blianta tosaigh. Tá athrú tagtha ar chomhthéacs an chláir freisin ón tráth ar cuireadh tús leis agus tá an téarnamh eacnamaíochta ag cur brú cheana féin ar phraghsanna earraí agus seirbhísí. D'ainneoin na nithe sin, ba é a bhí i gconclúid an athbhreithnithe ná go mbeidh tairbhí substaintiúla ann don Stát fós má leantar ar aghaidh leis an gclár. Mar thoradh ar an athbhunlíniú, socraíodh spriocanna nua do na blianta atá romhainn agus tá na sábhálacha réamh-mheasta do na trí bliana seo chugainn (2016-2018) sa raon ó €80 milliún go €100 milliún sa bhliain anois don chlár ina iomláine.

San iomlán, rinne an OGP 24 chreat, 73 chonradh agus 37 mionchomórtas a sholáthar sa bhliain 2015. Ar fud na bliana, d'oibrigh an OGP chun forbairt a dhéanamh ar shonraíochtaí cuimsitheacha i réimsí amhail seirbhísí gairmiúla, ICT, saoráidí, seirbhísí taistil, Acmhainní Daonna, fóntais agus seirbhísí bainistithe. Is fiú a lua nach raibh aghaidh tugtha roimhe sin ar chuid de na réimsí caiteachais sin ar leibhéal an rialtais ina iomláine, is é sin le rá, réimsí amhail costais dlí, bogearraí, lónadóireacht agus glantachán. Ba é a bhí i luach measta bliantúil na sábhálacha de bharr na socruithe a chuir OGP i bhfeidhm sa bhliain 2015 ná €357 milliún agus is ionann na sábhálacha a cumasaíodh agus suim níos mó ná €34 milliún. Is é atá sna sábhálacha go léir ó na heagraíochtaí earnála foinsiúcháin go léir ná suim níos mó ná €65 milliún don bhliain ina iomláine. Leanfaidh na creata a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2015 de thuilleadh sábhálacha a chumasú don Stát sa bhliain 2016 agus dá éis.

Príomhchuspóir de chuid an chlár is ea neartú a dhéanamh ar anailísíocht chaiteachais agus ar bhainistíocht sonraí. I mí an Mhárta 2015, d'fhoilsigh OGP a chéad tuarascáil – *Anailís ar Chaiteachas Seirbhíse Poiblí agus ar Thairiscintí don bhliain 2013* – ar tuarascáil í ina ndearnadh anailís ar shonraí a bailíodh ó 64 Chomhlacht Mhóra Seirbhíse Poiblí maidir le luach €2.742 billiún de chaiteachas. Tugann an tuarascáil sin tuairim tháscach i dtaobh cá mhéad airgid atá á chaitheamh ag an tSeirbhís Phoiblí, cé a fhaigheann an t-airgead agus cé na catagóirí earraí seirbhísí atá i gceist agus éascaíonn sé sin cinnteoireacht i leith fáil seirbhísí agus earraí a dhéanamh ar bhonn fíoras.

Rinneadh Sprioc-Sceideal 2015 an OGP maidir le Creata agus Conarthaí a foilsíodh ar dtús i mí na Nollag 2014 a ailíniú le riachtanais fhoriomlána na ranna agus na ngníomhaireachtaí Rialtais is mó. Lean OGP d'fhaisnéis faoi riachtanais comhlachtaí seirbhíse poiblí a bhailiú agus a athbhreithniú ar fud na bliana. I bhfianaise mhéid, luach agus castacht ollmhór na riachtanas ar fud an Stáit, déanann an OGP athbhreithnithe i gcónaí ar a chlár foinsiúcháin chun tús áite a thabhairt do na gníomhaíochtaí is fearr a fhónfaidh do na riachtanais, a chumasóidh sábhálacha agus a chinnteoidh comhlíonadh na bpróiseas cuí maidir le fáil earraí agus seirbhísí. Déantar an sprioc-sceideal a uasdátú ar bhonn ráithiúil agus foilsítear é ar www.procurement.ie chun réamhspléachadh naoi mí a thabhairt do chliaint agus don mhargadh faoi phlean soláthair seirbhísí an OGP a chur ar fáil. Fágann

sé sin go bhfuil trédhearcacht ann agus tugann sé am do SME-anna cuibhreannais a tharraingt le chéile agus tairiscintí a dhéanamh i ndáil le conarthaí seirbhíse poiblí.

Tá sé de chúram ag an OGP sábhálacha inbhuanaithe a bhaint amach agus tá cur chuige cothrom aige maidir le luach a chur ar fáil don cháiníocóir, á chinntiú go bhfuil rochtain ag gach gnó, lena n-áirítear SME-anna, ar an gcóras fála poiblí. Leanann an Grúpa Ardleibhéil ar Rochtain ag SME-anna ar an gCóras Fála Poiblí d'fhorbairt agus d'fhaireachán a dhéanamh ar straitéisí a éascaíonn rochtain ar an gcóras fála poiblí ag SME-anna. Agus iad ag obair i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus le InterTradeIreland, lean na hOifigí Fiontar Áitiúil ("LEO-anna") de sheimineáir faoin gcóras fála a sholáthar do SME-anna sa bhliain 2015. Tá líonra 31 LEO-anna a bunaíodh sa bhliain 2014 ag oibriú ar fud na tíre agus soláthraíonn sé seirbhís ilfheidhme do SME-anna agus, ag an am céanna, oibríonn sé chun a riachtanais oiliúna a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.

Ina theannta sin, sheol an OGP an tSeirbhís Chomhairleach Tairisceana ar bhonn píolótach sa bhliain 2015, agus rinneadh easrais neamhfhoirmiúil a sholáthar do sholáthraithe ionchasacha chun ábhair imní a ardú i ndáil le próiseas tairisceana i gcás saincheisteanna braite/réadúla a bheith ann fós tar éis an phróisis soiléirithe atá leagtha amach sa doiciméad maidir leis an Iarraidh ar Thairiscintí a bheith curtha i gcrích.

Tugann na tionscnaimh sin aghaidh ar ábhair imní na ngeallsealbhóirí agus cinntíonn siad gur féidir le SME-anna rochtain a fháil ar dheiseanna fála poiblí. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach do gheilleagar na hÉireann ós rud é gurb ionann líon na SME-anna agus 99.7% de na fiontair ar fad agus gurb ionann an líon fostaithe atá iontu agus 68% de na fostaithe ar fad dá bhfuil ann. I bPlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Poist, faightear léiriú ar thábhacht an naisc atá ann idir deiseanna margaidh do SME-anna agus fáil phoiblí.

Ghlac an OGP páirt ghníomhach i roinnt imeachtaí cumarsáide i rith na bliana 2015, lena n-áirítear 'Taking Care of Business' a bhí ceaptha chun cabhrú le gnóthaí beaga agus gnóthaí nua, 'Meet the Buyer' a bhí ina dheis do sholáthraithe chun bualadh le mórcheannaitheoirí earnála poiblí agus 'Go-2-Tender', is é sin le rá, sraith ceardlanna a bhí ceaptha chun sainchomhairle agus saintreoir a chur ar fáil agus chun cabhair a thabhairt i ndáil le forbairt tairiscintí. Sa bhliain 2015, d'fhreastail tuairim is 4,000 duine ar imeachtaí a raibh páirt ghníomhach ag an OGP iontu. Cabhraíonn imeachtaí den sórt sin le cothú feasachta ar an bpróiseas fála poiblí agus le cumasú rannpháirtíochta sa phróiseas sin.

Tháinig méadú faoi thrí ar an líon fiafraithe a cuireadh faoi bhráid Dheasc Chabhrach an OGP sa bhliain 2015, rud a léiríonn an fás ar oibríochtaí an OGP. Ar an meán, bhí 115 fhiafraí ann sa tseachtain agus, ag deireadh na bliana 2015, ba é a bhí sa chéatadán fiafraithe ar déileáladh leo laistigh de 24 huaire an chloig ná 93%.

Sa bhliain 2015 freisin, leanadh den phróiseas a bhaineann le trasuí Threoracha Fála an AE isteach i ndlí na hÉireann.

Mar aitheantas dá chuid oibre go dtí seo, bronnadh Gradam Sármhaitheasa sa Réimse Fála Poiblí ar an OGP le linn ócáid Ghradaim Náisiúnta an tSlabhra Fála agus Soláthair 2015.

## 11. Athchóiriú a Threorú: Seirbhísí Comhroinnte

### Comhthéacs

Tá Seirbhísí Comhroinnte ina mhórchuid de chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus díríonn sé ar sheirbhís, ar luach agus ar éifeachtúlacht a chumasaítear le teicneolaíocht chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is oiriúnaí as acmhainní agus go ndéantar amhlaidh ar mhaithe le leas na saoránach. faisnéis bhainistíochta níos fearr chun feabhas a chur ar chinnteoireacht agus a shaorann Seirbhísigh Phoiblí chun díriú ar réimsí agus ar chroísheirbhísí níos straitéisí. Laghdaíonn sé dúbailt in eagraíochtaí agus feabhsaíonn sé éifeachtúlacht.

### An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Sa bhliain 2014, rinneadh an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (NSSO) a bhunú ar bhonn riaracháin ar dtús laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun dul i gceannas ar an straitéis maidir le seirbhísí comhroinnte ar fud na Státseirbhíse. Tá ról tábhachtach ag an NSSO freisin i ndáil leis an mbeartas a bhaineann le seirbhísí comhroinnte sa tSeirbhís Phoiblí ina hiomláine, lena n-áirítear caighdeáin a leagan amach, forbairt taighde agus beartais, agus treoir agus comhairle a sholáthar.

I measc na nithe a baineadh amach sa bhliain 2015, áirítear an méid seo a leanas:

- Leanadh de chliant-ranna agus comhlachtaí seirbhíse poiblí a aistriú go rathúil chuig an dá lárionad Seirbhísí Comhroinnte Státseirbhíse, is é sin le rá, *PeoplePoint* agus an PSSC.

- Aitheantas a thabhairt do dhea-chleachtas:
  - Ghnóthaigh an PSSC Príomhghradam Athnuachana na Státseirbhíse le linn ócáid Ghradaim an Taoisigh don Státseirbhís
  - Ghnóthaigh PeoplePoint an Gradam i leith Lárionad Seirbhísí Comhroinnte na Bliana le linn ócáid Ghradaim CCMA (ar eagraíocht oideachais ghairmiúil agus líonra é a fhorbraíonn gairmiúlacht agus ardchaighdeáin laistigh de thionscal na lárionad glaonna agus seirbhísí comhroinnte).

- Dul chun cinn maidir leis na dréacht-Cheannteidil de chuid Bille chun an NSSO a bhunú mar Oifig Státseirbhíse ar leithligh. Táthar chun an dréacht-Bhille maidir leis an NSSO a chur faoi bhráid an Rialtais le ceadú a fháil chun é a fhoilsiú sa bhliain 2016. Is é a leanfaidh as ná go dtiocfaidh an NSSO chun bheith ina Oifig Státseirbhíse ar leithligh faoi chúram na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a Oifigeach Cuntasaíochta féin aige.

- Foilsíodh taighde faoi sheirbhísí Comhroinnte san Earnáil Phoiblí in Éirinn agus daingníonn an taighde sin go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn laistigh de thréimhse ama measartha gearr agus gurb inmholta scála na huaillmhéine agus na hinfheistíochta leanúnaí i leith seirbhísí comhroinnte. Rinneadh an tuarascáil neamhspleách dar teideal "*An Examination of Shared Services in the Irish Public Service and internationally*" a fhoilsiú i mí na Nollag 2015. Dhaingnigh an tuarascáil go bhfuil Éire ag déanamh go maith, de réir comparáid idirnáisiúnta, i dtéarmaí an chur chuige i leith seirbhísí comhroinnte agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tionscadail thábhachtacha le blianta beaga anuas, maidir leis na creata rialachais agus cuntasachta atá curtha i bhfeidhm, lena n-áirítear bunú na hOifige Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte agus maidir le laghduithe atá tuartha i ndáil le líon na foirne agus tréimhsí aisíoca i Seirbhís Phoiblí na hÉireann, rud atá i gcomhréir le comparadóirí idirnáisiúnta.

- Seoladh tairseach ghréasáin an PSSC do chustaiméirí na heagraíochta agus seoladh Cairt Chustaiméara do *PeoplePoint*.

- Rinneadh dul chun cinn maidir le réiteach aonair bainistíochta airgeadais a fháil don tionscadal a bhaineann le Bainistíocht Airgeadais Seirbhísí Comhroinnte, is é sin le rá, réiteach lena ngabhann cairt chomhchoiteann cuntas agus próiseas caighdeánaithe i 48 gcomhlacht seirbhíse poiblí mar aon le leanúnachas daingean gnó agus téarnamh tar éis tubaiste agus an cumas chun déileáil le riachtanais nua a thagann chun cinn.

### Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte Státseirbhíse

Sa bhliain 2015, chuir an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte cláir Sheirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna, Pinsean agus Párolla (PSSC)chun cinn chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Státseirbhís. I láthair na huaire, soláthraíonn an PSS riarachán párolla agus taistil agus costas do 77,989 íocaí i 31 eagraíocht lena n-áirítear 45,000 duine ar scor agus tá íocaíochtaí bliantúlaithe ar fiú €2.7 billiún iad á ndéanamh. Tá an PSSC lonnaithe i dtrí shuíomh: Gaillimh, Cill Airne agus Tulach Mhór.

Ba é a bhí sa líon ranna agus oifigí nua státseirbhíse agus comhlachtaí nua seirbhíse poiblí a chláraigh le *PeoplePoint*, lárionad riartha seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus pinsean, i mbliana ná 13 agus b'ionann sin is a rá go bhfuil 30,100 státseirbhíseach i 35 chomhlacht seirbhíse poiblí ann anois agus iad ag fáil seirbhísí riartha Acmhainní Daonna agus Pinsean. Tá PeoplePoint lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus déanann sé bainistíocht ar líon mór gníomhaíochtaí riaracháin trí sheirbhísí éagsúla Acmhainní Daonna agus Pinsean a chur ar fáil do chustaiméirí sna réimsí riaracháin seo a leanas: saoire, asláithreacht, pinsin agus pá.

### Seirbhísí Comhroinnte in Earnálacha eile Seirbhíse Poiblí

Tá ról ceannaireachta ag an NSSO freisin maidir le tacú le príomhearnálacha Seirbhíse Poiblí amhail Oideachas, Sláinte agus Rialtas Áitiúil le linn dóibh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil lena bPleananna maidir le Seirbhísí Comhroinnte. Tá cur i bhfeidhm seirbhíse comhroinnte párolla agus aoisliúntais de chuid an rialtais áitiúil ar a dtugtar *MyPay* ag leanúint ar aghaidh. Tá Comhairle Chontae Laoise i gceannas air sin agus tá fiche Údarás Áitiúil agus Gníomhaireacht Bhainistíochta an Rialtais Áitiúil 'beo' anois i Lárionad Seirbhíse Comhroinnte *MyPay*.

Tá roinnt tionscadal seirbhísí comhroinnte á gcur ar aghaidh san Earnáil Oideachais agus Oiliúna. Baineann siad sin le tionscadail amhail uasghrádú sheirbhís chomhroinnte láithreach Phárolla Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna agus tabhairt isteach Seirbhísí Comhroinnte Párolla don Earnáil Ardoideachais. Leantar de dhul chun cinn a dhéanamh san Earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna maidir le Seirbhísí Comhroinnte Párolla, Bainistíochta Airgeadais agus Straitéise ICT do na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna. San Earnáil Bhreisoideachais tá tionscadail ar siúl a chomhlánaíonn an t-athrú leanúnach ar dá bharr a ghlac na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna ionad na gCoistí Gairmoideachais. Leantar de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le Seirbhísí Comhroinnte Párolla, Bainistíochta Airgeadais agus Straitéise ICT do na Boird Oideachais agus Oiliúna. San Earnáil Sláinte, tá roinnt tionscadal seirbhísí comhroinnte á gcur ar aghaidh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tríd an aonad Seirbhísí Gnó Sláinte. Ina measc sin áirítear réimsí amhail Párolla. Pinsin, Earcaíocht agus Bainistíocht Airgeadais.

## 12. Ag Tacú leis an bhFoireann lena gcumasú a Misean a Bhaint Amach

### Bainistíocht Acmhainní Daonna

Tá freagracht ar Aonad na Straitéise Acmhainní Daonna i ndáil le forbairt agus soláthar Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne agus i ndáil le raon leathan seirbhísí Acmhainní Daonna a sholáthar. Is cumasóir tábhachtach é Aonad na Straitéise Acmhainní Daonna agus, mar thoradh ar a chuid oibre, tá an Roinn in ann a croíchuspóirí caiteachais agus athchóirithe a bhaint amach trína chinntiú go ndéanann an fhoireann an rannchuidiú is éifeachtaí agus is féidir agus go bhfuil na scileanna agus an t-eolas acu atá ag teastáil chun freastal ar éilimh an rialtais sa lá atá inniu ann agus ar ionchas chustaiméirí agus gheallsealbhóirí na Roinne.

Sa bhliain 2015, lean an Roinn de leathnú a dhéanamh, i dtéarmaí geografaíochta agus i dtéarmaí oibriúcháin araon, chun déileáil le héilimh ghnó na nOifigí Seirbhísí Comhroinnte, an OGP agus an OGCIO.

Is léir gur éirigh leis an struchtúr athbhreithnithe Acmhainní Daonna a tugadh isteach sa bhliain roimhe seo chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla chasta sin. Is léir sin go háirithe i dtaca le tacaíocht a thabhairt maidir le caidreamh éifeachtach tionscail/fostaithe agus, ag an am céanna, i dtaca le forbairt a dhéanamh ar straitéis nua foghlama agus forbartha agus bainistíocht a dhéanamh ar chlár suntasach earcaíochta agus roghnúcháin.

Sna ranna sin ina dhiaidh seo, leagtar amach go hachomair cuid de phríomhghnóthachtálacha Aonad na Straitéise Acmhainní Daonna sa bhliain 2015 sna trí réimse feidhme a bhaineann leis:

### Comhpháirtíochtaí Gnó Acmhainní Daonna

Leanadh den fhorbairt ar fheidhm na Comhpháirtíochta Gnó (BP) sa Roinn agus is ionann í agus seirbhís sainchomhairle/chomhairleach ar féidir le bainisteoirí sinsearacha agus leis an bhfoireann leas a bhaint aisti de réir mar is gá. Chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar Chaidreamh Fostaithe ar bhonn gach cáis ar leith, d’eagraigh na Comhpháirtithe Gnó deiseanna oiliúna níos foirmiúla, lena n-áirítear cur i láthair a thabhairt maidir le bainistíocht promhaidh agus seisiúin bhuneolais do bhainisteoirí líne nua agus d’fhreastail thart ar 300 duine den fhoireann, as áiteanna éagsúla ar fud na tíre, ar na himeachtaí sin. Tá sraith chuimsitheach seirbhísí curtha ar fáil mar thacaíocht d’Oifigí Seirbhísí Comhroinnte, don OGP agus don OGCIO de réir mar a théann siad trína gcéim thosaigh agus mar atá bonn níos láidre á chur fúthu.

I gcomhar le PeoplePoint, déanann an t-aonad bainistíocht freisin ar líon mór cásanna trasghníomhaíochta Acmhainní Daonna agus ar fhiafraithe gaolmhara maidir le saincheisteanna amhail dul chun cinn sa scála pá incriminteach, soghluaisteacht agus aistrithe foirne, saoire bhreoiteachta agus tarchur CMO, agus teidlíochtaí saoire agus teidlíochtaí eile agus is minic a bhíonn na hábhair sin casta.

Tá cur chuige níos straitéisí maidir le leithroinnt acmhainní foirne glactha chun a chinntiú go bhfuil daoine den fhoireann ag obair sna róil is fearr a oireann do thosaíochtaí na Roinne agus faigheann an Grúpa Pleanála Fórsa Saothair tacaíocht ar mhodh rianairí foirne agus méadrachtaí Acmhainní Daonna agus páipéar eolais. Ina theannta sin, thacaigh na Comhpháirtithe Gnó le hearcú agus socrúchán níos mó ná 50 duine foirne sa Roinn agus d’oibrigh siad go dlúth le lucht bainistíochta IGEES maidir lena bhfeachtais earcaíochta.

Táthar ag díriú go leanúnach ar chaidreamh táirgiúla a bhunú sa spás Caidrimh Tionscail trí shásra foirmiúil na Comhairle Roinne agus trí theagmháil leanúnach le hionadaithe ó thaobh na foirne.

## Oibríochtaí Acmhainní Daonna

Leanann feidhm na hearcaíochta agus an roghnúcháin de ról tábhachtach a bheith aici i dtaca le tacú leis an Roinn clár oibre uaillmhianach athchóirithe a chur i gcrích agus i dtaca le líon mór daoine foirne a ghlacadh isteach ó áiteanna éagsúla sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Sa bhliain 2015, ghlac an Roinn isteach 409 nduine foirne. Chuaigh formhór na ndaoine sin i mbun post i réimsí na seirbhísí comhroinnte (*PeoplePoint* agus an tSeirbhís Chomhroinnte Párolla) agus san Oifig um Sholáthar Rialtais.

Aithnítear gur clár tábhachtach é clár ionduchtaithe na Roinne, go háirithe i gcás earcaithe nua sa státseirbhís agus bhí ocht seisiún ann sa bhliain 2015 do rud beag níos lú ná 150 duine foirne. Seoladh seisiúin réigiúnacha ionduchtaithe freisin d'fhoireann na Seirbhísí Comhroinnte Párolla i gCill Airne, i dTulach Mhór agus i nGaillimh.

Chun tacú lenár n-oibríochtaí earcaíochta agus roghnúcháin, agus chun feabhas a chur orthu, chur muid tús le tionscadal sa bhliain 2015 chun uasmhéadú a dhéanamh ar éifeachtúlachtaí teicneolaíochta d'fhonn oibríochtaí a shruthlíniú agus gluaiseacht chuig mionsamhail earcaíochta ar líne.

## Forbairt Eagrúcháin

In *ONE HR Learning and Development Strategy 2015-2017*, leagtar amach fís, misean agus aidhmeanna na Roinne maidir le foghlaim agus forbairt agus cuirfear an straitéis sin i bhfeidhm thar an tréimhse sin. Is é is príomhchuspóir don straitéis ná raon tionscnamh foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm, agus iad ailínithe go hiomlán le cuspóirí gnó na roinne, agus deiseanna a chur ar fáil do gach duine den fhoireann forbairt a dhéanamh chun barr a gcumais a bhaint amach. Fuair an Straitéis aitheantas idirnáisiúnta nuair a cuireadh ar ghearrliosta í i gcomhair na *2015 HR Excellence Awards* sa chatagóir don straitéis choigríche acmhainní daonna is fearr.

D'fhreastail thart ar 1,250 duine foirne ar idirghabháil fhoirmiúil foghlama agus forbartha amháin nó níos mó a bhain le hoideachas tar éis teacht isteach sa tseirbhís, cláir oiliúna ghinearálta agus sainchláir oiliúna, forbairt ghairmiúil leanúnach, agus tionscnaimh shláinte agus leasa. Léiríonn an figiúr sin méadú 86.5% ar an líon daoine foirne a chríochnaigh idirghabháil foghlama agus forbartha amháin nó níos mó sa bhliain 2014. Lean an Fóram Ceannaireachta agus Bainistíochta Feidhmíochta de chomhairle agus tacaíocht a thairiscint i leith na sraithe idirghabhálacha foghlama agus forbartha a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2015.

Rinneadh na hidirghabhálacha foghlama agus forbartha a chomhlánú le Scéim chuimsitheach Oideachais tar éis teacht isteach sa tseirbhís trínar tacaíodh le 89 nduine foirne a chuaigh i mbun cláir acadúla i ndisciplíní éagsúla, lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, rialachas, gnó agus eacnamaíocht, Acmhainní Daonna, anailís bheartais, staidéir dhlí, córais faisnéise agus fáil seirbhísí agus earraí.

Tá forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) ina cuid thábhachtach de chur le scileanna na foirne agus de ghairmiúlacht na foirne. Éascaíodh CPD i ngach rannán de chuid na roinne le go mbeadh daoine in ann freastal a dhéanamh ar sheimineáir, ar chomhdhálacha agus ar chláir ghairide phoiblí oiliúna agus clárú le comhlachtaí gairmiúla.

## Rialachas

Sa bhliain 2015, lean Fochoiste Rialachais an Bhoird Bainistíochta dá chuid oibre maidir le nósanna imeachta rialachais dea-chleachtais a chur ar bhonn foirmiúil sa Roinn. Rinne an Fochoiste formhaoirseacht ar fhorbairt córais doiciméad leictreonach agus bainistíochta taifead a cuireadh ar fáil don fhoireann ó mhí Mheán Fómhair 2015 ar aghaidh. D'imscrúdaigh an Fochoiste Bainistíocht Eolais in eagraíochtaí eile agus rinneadh an bhunobair i ndáil le forbairt Eolais laistigh den Roinn,

agus leas á bhaint as an gcóras nua doiciméad leictreonach agus bainistíochta taifead ar a dtugtar *eDocs*. Rinneadh réamhobair chun a chinntiú go raibh an ceanglas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 maidir le soláthar 'scéim foilseachán' ar láithreán gréasáin na Roinne á chomhlíonadh.

Rinne oifig an Phríomhoifigigh Oibríochtaí (COO), agus treoir faighte aici ó Fhochoiste Rialachais an Bhoird Bainistíochta, bailchríoch a chur ar chreataí do Rialachas agus do Chomhlíonadh laistigh den Roinn, lena n-áirítear cosaint sonraí agus sláinte agus sábháilteacht. Rinneadh an Creat Rialachais a oiriúnú ina dhiaidh sin chun léiriú a dhéanamh ar an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís a forbraíodh mar chuid de Chlár Athnuachana na Státseirbhíse. Rinne an tAire cur chuige maidir le rialachas foirmiúil i leith idirghníomhaíocht na Roinne le comhlachtaí a thagann faoina cúram a aontú i mí na Samhna.

Bhí Fochoiste Rialachais an Bhoird Bainistíochta agus an Grúpa Oibre ar Chúrsaí Rialachais araon páirteach in ullmhú phleananna gnó na Roinne do na blianta 2015 agus 2016 agus in ullmhú na Tuarascála Bliantúla don bhliain 2014.

### Tacaíocht Chorparáideach

De bhreis ar a croífheidhmeanna leanúnacha corparáideacha, lena n-áirítear riaradh agus próiseáil Ceisteanna Parlaiminteacha agus Iarrataí Saorála Faisnéise don Roinn, thug an tAonad Tacaíochta Corparáidí (CSU) isteach Lámhleabhar cuimsitheach Sláinte & Sábháilteachta agus Ráiteas Sábháilteachta inar tugadh mionsonraí faoi na beartais agus faoi na nósanna imeachta riachtanacha go léir i ndáil leis an Roinn. Rinneadh Measúnachtaí Rioscaí i leith na bhfoirgneamh go léir de chuid na Roinne agus cuireadh oiliúint ar fáil freisin d’Oifigigh Sábháilteachta Dóiteáin agus d’Oifigigh Gharchabhrach. Cuireadh tús leis an obair ar Scéim Eiseamláireach maidir le hIarrataí Saorála Faisnéise agus críochnaíodh an obair sin sa bhliain 2016. Tar éis tuilleadh comhairle a ghlacadh leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, seoladh Scéim Ghaeilge don Roinn i Meán Fómhair 2015.

### Oifig an Phríomhdhochtúra Oifigiúil

Is é atá i misean Oifig an Phríomhdhochtúra Oifigiúil ná seirbhís éifeachtúil chostas-éifeachtach sláinte ceirde a chur ar fáil, chomh maith le comhairle bheartais a sholáthar don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí i ndáil le nithe a bhaineann le sláinte cheirde. Feidhmíonn Roinn Sláinte Ceirde na Státseirbhíse (CSOHD) laistigh d’oifig an Phríomhdhochtúra Oifigiúil agus soláthraíonn sí na seirbhísí sin. Baineann Sláinte Cheirde leis an tslí ina n-imríonn sláinte oibrithe tionchar ar a chumas nó ar a cumas chun a gcuid oibre a dhéanamh agus leis an tslí inar féidir leis an timpeallacht oibre difear a dhéanamh do shláinte oibrí.

Déantar seirbhís sláinte ceirde agus ionchur beartais a sholáthar don Státseirbhís i 55 oifig de chineál rialtais agus roinne agus i 14 phríosún ar fud na tíre. Cuimsíonn sé sin státseirbhísigh, oifigigh phríosúin, fostaithe tionscail stáit agus fostaithe tionscail cosanta a bhfuil 38,000 díobh ann san iomlán. Déantar seirbhísí sláinte ceirde a sholáthar d’eagraíochtaí áirithe neamhthráchtála stát-tionscanta freisin. De bhreis air sin, tugtar comhairle liachta réamhearcaíochta don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i ndáil le poist i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus sna húdaráis áitiúla. Ba bhliain ghnóthach í an bhliain 2015 agus, lena linn, dhéileáil an oifig le tuairim is 10,500 cliant-eipeasóid , lena n-áirítear bainistíocht cásanna, imdhíontaí, closghraim agus scagthástáil sláinte.

Rinneadh socruithe nua na Statseirbhíse maidir le pá saoire breoiteachta a uasdátú i mí an Mhárta 2014 agus eisíodh ciorclán nua i Meán Fómhair 2015 (Ciorclán 12/2015 Socruithe maidir le Saoire Bhreoiteachta le Pá). Tá próiseas athbhreithnithe shocruithe 2014 na hearnála poiblí maidir le pá saoire breoiteachta ar siúl fós. Mar chuid de sin, tá idirchaidreamh forleathan déanta ag CMO/DPER

le comhghleacaithe i réimsí eile den earnáil phoiblí chun a fháil amach conas is féidir an próiseas reatha a fheabhsú.

D'fhoilsigh Oifig an CMO eagrán uasdátaithe 2015 den Treoir maidir le Scagthástáil Sláinte san Ionad Oibre. San fhoilseachán sin, féachtar le cabhair a thabhairt d'fhostóirí earnála poiblí agus don Oifig um Sholáthar Rialtais i ndáil le scagthástáil sláinte fostaithe a aimsiú. Déantar scagthástáil sláinte a aicmiú mar a leanas: tairbhiúil, tairbhe fhéideartha, tairbhe éiginnte agus is fearr í a bheith á tairiscint ag Liachleachtóir Ginearálta/clár náisiúnta scagthástála. Tá an t-aicmiú sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Tá cóip de na treoirlínte seo ar fáil ach í a iarraidh ar Oifig an CMO.

Tá uasghrádú déanta ar láithreán gréasáin an CMO (www.cmo.gov.ie) chun léiriú a dhéanamh ar athruithe éagsúla i gciorcláin maidir le hobair agus sláinte sa bhliain 2015. Tá ár gceistneoir réamhearcaíochta ar fáil ar an láithreán gréasáin sin anois agus is féidir é a chomhlánú ar líne. Tá oifig an CMO ag obair ar Roinn Acmhainní Daonna dár láithreán gréasáin anois.